Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

Corpoideachas

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara

© 1999 Rialtas na hÉireann

Corpoideachas

Curaclam

Clár

Réamhrá

Corpoideachas 2

Curaclam don chorpoideachas 2

Aidhmeanna 10

Cuspóirí leathana 11

Ábhar don chorpoideachas a phleanáil 13

Ranganna naíonán

Foramharc 15

Ábhar 16

Ranganna 1 agus 2

Foramharc 25

Ábhar 26

Ranganna 3 agus 4

Foramharc 37

Ábhar 38

Ranganna 5 agus 6

Foramharc 49
Ábhar 50

Oiliúint uisce do ranganna naíonán go dtí rang 6

Oiliúint uisce do ranganna naíonán go dtí rang 6 62

Measúnú

Measúnú 68

Aguisín

Gluais 78
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Chorpoideachas 82
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 83

Réamhrá

Corpoideachas

Cuireann an corpoideachas deiseanna chun foghlama ar fáil do pháistí trí mheán na luaile agus cabhraíonn sé lena bhforás foriomlán trí chumas a thabhairt dóibh ar shaol iomlán gníomhach sláintiúil a chaitheamh.

Curaclam don chorpoideachas

Is í an bhunbhéim a leagtar ar an gcorp agus ar eispéireas corpartha a dhealaíonn an corpoideachas ó achair eile an churaclaim. Is cuid dhílis den phróiseas oideachais é, agus bheadh oideachas an pháiste neamhiomlán dá uireasa. De thoradh raon ilghnéitheach de thaithí ar ghníomhaíochtaí coirp, a chuirfidh dúshlán faoin bpáiste, a sholáthar dó/di go tráthrialta cothaítear a f(h)orás iomlán comhchuí agus a f(h)olláine ghinearálta.

Riarann an corpoideachas ar riachtanais choirp an pháiste agus ar an ngá atá aige/aici le taithí luaile, le dúshláin agus le súgradh. Bunaíonn sé dúil sa ghníomhaíocht coirp ar bhonn laethúil ann/inti ar shlí go mbeidh fonn air/uirthi, mar dhuine fásta, tráthanna scoir a chaitheamh go tairbheach agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coirp. D'fhonn na riachtanais seo a shásamh níl an corpoideachas bunaithe ar an speisialtóireacht ach ar phrionsabail na héagsúlachta agus na hilghnéitheachta. Cuireann sé raon leathan de ghníomhaíochtaí luaile, a oireann do leibhéal foráis an pháiste, ar fáil.

Trí mheán an chorpoideachais is féidir leis an bpáiste an t-aoibhneas a bhaineann le saothar corpartha agus sásamh na gnóthachtála a aireachtáil agus scileanna agus dearcadh deimhneach a neartaíonn a f(h)éinmheas a fhorbairt ag an am céanna. Fothaíonn an corpoideachas deiseanna chun dea-shaintréithe pearsanta agus sóisialta a chothú: coincheap chothrom na Féinne, glacadh le bua agus le teip araon agus cumas comhoibrithe mar bhall de ghrúpa. Cabhraíonn na deiseanna seo le tuiscint a fháil ar stíl mhaireachtála shláintiúil agus le hí a chothú. Tríd an gcorpoideachas, atá ina dhlúthchuid den churaclam iomlán, cuirtear deiseanna riachtanacha ar fáil d'fhorbairt fhisiceach, shóisialta, mhothúchánach agus intleachtúil an pháiste.

Ábhar an churaclaim chorpoideachais

Tá an curaclam roinnte ina shé shnáithe:

- *Lúthchleasaíocht*
- *Damhsa*
- *Gleacaíocht*
- *Cluichí*

- *Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta*
- *Oiliúint uisce.*

Lúthchleasaíocht

Soláthraíonn snáithe na lúthchleasaíochta deiseanna ilchineálacha chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí nádúrtha reatha, léimní agus caite. Caithfidh an páiste foghlaim conas taitneamh a chomhcheangal leis na heispéiris seo. Ba cheart an bhéim a bheith ar imscrúdú agus ar thástáil na mbunluailí, siúl, rith, léimneach agus caitheamh, trí raon leathan d'eispéiris súgartha neamhfhoirmiúla. Agus iad ag tógáil ar an luath-thaithí seo, déanann páistí forbairt ar theicníochtaí reatha, léimní agus caite de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil.

Is féidir gníomhaíochtaí reatha a cheapadh a spreagfaidh páistí chun reatha agus a chuirfidh dúshlán faoina ndícheall pearsanta rith níos tapúla nó níos faide. Tabharfaidh gníomhaíochtaí léimní deis don pháiste léimeanna difriúla a thaighde agus teicníochtaí a aimseoidh airde agus fad a thabhairt chun cinn. Glacann an páiste páirt i ngníomhaíochtaí caite agus feidhm á baint aige/aici as cuspaí a bhfuil cruthanna agus meáchain éagsúla acu agus forbraíonn sé/sí an iomad teicníochtaí caite, rud a fheabhsaíonn beaichte agus fad.

Damhsa

Sa damhsa oideachasúil glacann an páiste páirt i gcruthú, i gcomhall agus i léirthuiscint na luaile mar mheán nochta mothúchán agus mar mheán cumarsáide. Tá difríocht idir an damhsa agus na gnéithe eile den chlár corpoideachais sa mhéid gurb é tréith nochta mhothúcháin na luaile bunchúram an damhsa, maille leis an taitneamh agus an léirthuiscint a ghabhann le tréithe aeistéitiúla agus ealaíonta na luaile.

Tríd an gclár damhsa glacann an páiste páirt i raon de dhamhsa cruthaitheach agus de dhamhsa tíre. Nuair a bhíonn damhsa á chruthú ag an bpáiste bíonn raon de na baill choirp, de ghníomhartha coirp agus de chruthanna coirp á n-iniúchadh aige/aici. Déantar iniúchadh ar na coincheapa a bhaineann leis an gcorp sa spás, le dinimic athraitheach na luaile, agus leis na himpleachtaí a bhaineann le gluaiseacht i gcaidreamh le duine eile agus lena t(h)impeallacht siúd. Gríosaítear an páiste le damhsa a dhéanamh agus é/í ag freagairt do spreagthaigh agus do thionlacain éagsúla, agus le breathnú ar léirfheidhmiú damhsaí. Is féidir tuairim an pháiste faoi cad is damhsa ann a shaibhriú trí dheiseanna a thabhairt dó/di saothar níos oilte daoine eile a fheiceáil agus a luacháil.

Cuirtear an damhsa tíre chun cinn tríd an mbéim a leagan ar bheith lánpháirteach ann agus taitneamh a bhaint as, seachas ar na luailí a ghabhann leis. Tugann sé eolas agus taithí don pháiste ar an damhsa Gaelach agus ar an damhsa i gcultúir eile.

Gleacaíocht

I gcúrsaí oideachais baineann an ghleacaíocht le húsáid na luaile ar bhealach cruthaitheach agus tascanna ceaptha á gcomhall ag na páistí, ar bhonn aonraic agus i dteannta páistí eile. Iniúchann páistí luail agus iad ar an urlár agus tráth a mbíonn fearas ilghnéitheach á úsáid acu. Spreagann an curaclam gleacaíochta páistí chun bheith páirteach in eispéiris luaile ar féidir iad a chiallú ar bhonn pearsanta, agus tugann sé deis don uile dhuine acu blas an bhua a fháil ar leibhéal pearsanta, trí thabhairt faoi thascanna atá dúshlánach ach ar féidir iad a chomhall dáiríre.

De réir mar a théann páistí chun cinn trí chlár céimnithe, spreagtar iad lena gcuid luailí a rialú níos fearr agus le tascanna níos casta a chomhall. Is féidir cabhrú leo aoibhneas a bhaint as an ngleacaíocht agus léirthuiscint uirthi a chothú, fad a bhíonn a gcumais agus a dteorainneacha féin á n-aithint acu, agus barr feabhais a chur ar a bhforbairt fhoriomlán mar seo.

Cluichí

Cothaíonn snáithe na gcluichí luí nádúrtha an pháiste leis an imirt trí mheán gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla imeartha. Feabhsaíonn sí forbairt na mbunscileanna agus cuireann sí go leor deiseanna ar fáil d'idirghníomhú sóisialta. De réir mar a fhásann scileanna i gcomhréir le céim fhorás an pháiste, méadaíonn ar a m(h)ian iad a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla in iomaíocht le páistí eile. I dtosach b'fhéidir gur le páirtí a tharlóidh sé seo agus go mbeidh cluichí 'foirne beaga', nó mionchluichí, de thoradh air sin ar ball. De réir mar a théann an páiste ar aghaidh go dtí na cluichí scothfhoirmiúla seo, ba cheart cluichí ilghnéitheacha a sholáthar dó/di, cinn a fhorbróidh ní hamháin na scileanna ach tuiscint ar choincheapa mar sheilbh, chomhar, ionsaí, chosaint agus conas spás a úsáid. Má thugtar deis don pháiste bheith ag tástáil, ceapfaidh sé/sí go leor cluichí ina gcuirfidh sé/sí a t(h)uiscint agus a scileanna forásacha i bhfeidhm.

Ba chóir cluichí clóis, cluichí comhair agus cluichí atá traidisiúnta sa scoil nó sa dúiche a chur san áireamh nuair a bhíonn clár á phleanáil don scoil. Ba cheart cluichí Gaelacha a chur san áireamh go sonrach mar chuid de chlár na gcluichí. Soláthraíonn cluichí ionraidh, cluichí lín,

cluichí buailte agus ceaptha, cluichí sprice agus cluichí cúirte i bpáirtíocht raon deiseanna chun scileanna agus tuiscint a fhorbairt. Spreagann leaganacha 'foirne beaga' nó mionleaganacha de na cluichí seo an t-uasmhéid rannpháirtíochta. Féachann clár cothrom cluichí den saghas seo chuige go bhfaigheann an páiste taithí ar raon leathan gníomhaíochtaí a chuireann taitneamh agus dúshlán ar fáil dó/di agus a chothaíonn spéis ann/inti ar feadh a s(h)aoil.

Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Is codanna den churaclam corpoideachais iad gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a bhfuil baint acu le siúl, rothaíocht, campáil agus gníomhaíochtaí uisce, treodóireacht agus gníomhaíochtaí dúshláin lasmuigh.

Gníomhaíochtaí luachmhara iad siúl, rothaíocht agus campáil, agus is féidir go n-eagróidh roinnt scoileanna iad. Gníomhaíocht chorraitheach is ea an treodóireacht, a chomhcheanglaíonn na scileanna geografacha a bhaineann le hobair ar léarscáileanna, gníomhaíochtaí coirp na siúlóide nó an reatha, agus an eachtraíocht a ghabhann le hionaid anaithnide a chuardach. Is féidir tús a chur léi trí mheán réamhchleachtaí ar láithreán na scoile. Gníomhaíochtaí dúshláin lasmuigh, cuimsíonn siad gníomhaíochtaí a éilíonn iontaobh agus comhar, grúpghníomhaíochtaí fadhbréitigh, agus dúshláin coirp mar na cinn a eascraíonn as cúrsaí rópaí agus as fearas súgartha eachtraíochta. Is féidir gníomhaíochtaí uisce a bheith mar chuid den chlár, rud a fhéadfadh deiseanna curachóireachta nó seoltóireachta a chur ar fáil. Tairgeann na gníomhaíochtaí seo, atá neamhiomaíoch den chuid is mó, a mhalairt de bhealach chun gnóthachtála do na páistí, agus spreagann siad iad chun glacadh le stíl mhaireachtála shláintiúil, bunaithe ar thaitneamh a bhaint as an saol lasmuigh agus léirthuiscint a fháil air.

Oiliúint uisce

Baineann an clár oiliúna uisce le gnóthú inniúlachta agus muiníne gar don uisce, ar an uisce, istigh ann agus thíos faoi. Soláthraíonn sé deiseanna uathúla chun taitnimh don pháiste, agus tugann sé taithí ar shnámhacht a mhothú dó/di. Cuimsíonn an téarma 'oiliúint uisce' ní hamháin teagasc na mbanganna snámha ach deiseanna a sholáthar chun taitneamh a bhaint as súgradh san uisce agus as na gnéithe eile den oiliúint uisce chomh maith. Ba chóir an bhéim a choinneáil ar thaitneamh de réir mar a ghnóthaítear oilteacht i sainteicníochtaí, bang snámha amháin nó banganna éagsúla a fhoghlaim san áireamh. Ba cheart

airdeall i dtaobh sábháilteachta uisce a bheith fite fuaite trí gach gníomhaíocht uisce, agus ba cheart béim a chur uirthi ar fud an chláir.

Léirítear an clár oiliúna uisce mar aonad iomlán amháin, gan é a bheith roinnte i leibhéil ranga. Ceadaíonn sé seo do scoileanna é a oiriúniú de réir an teacht atá acu ar áis go logánta. Is féidir an clár a fheidhmiú go forchéimnitheach cibé am a fhaigheann an páiste deis tús a chur le gníomhaíochtaí uisce.

Forbairt chiallú agus léirthuiscint an pháiste ar ghníomhaíochtaí coirp

Trí mheán an tsnáithaonaid 'Ciallú agus léirthuiscint' cuireann an curaclam béim ar fhorbairt chumas an pháiste gníomhaíochtaí coirp a chiallú agus a léirthuiscint. Gné thábhachtach é seo i bhforbairt an pháiste mar rannpháirtí i ngníomhaíochtaí coirp agus mar sheallach nó mar bhall de lucht éisteachta. I gcás cluichí, mar shampla, b'fhéidir gurbh é a bheadh i gceist ná cumas an pháiste ar an mbeartaíocht chuí a aithint nó a chur i bhfeidhm. I gcás ceachta ar ghníomhaíocht lasmuigh b'fhéidir gurbh é a bheadh i gceist ná na roghanna a bheadh ar fáil nuair a bheifí ag tabhairt faoi thasc treodóireachta a phlé. Tá moltaí san aonad freisin faoi eolas an pháiste ar rialacha cluichí nó ar dheiseanna chun bheith páirteach i ngníomhaíochtaí coirp go logánta a leathnú. Tá ábhar an tsnáithaonaid seo leagtha amach chun go ndéanfar é a fhorbairt de réir mar a dhéantar na snáitheanna a imscrúdú in ionad bheith ina ábhar do cheachtanna ann féin.

Corpoideachas agus spórt

Cé go bhfuil dlúthbhaint ag corpoideachas agus spórt lena chéile, níl siad comhionann lena chéile. Gníomhaíocht fhoirmiúil coirp is ea spórt, ina mbíonn iomaíocht nó dúshláin in aghaidh an duine féin nó daoine eile nó an timpeallacht i gceist, agus treise ar an mbuachan. Is é an súgradh a thosach, agus forbraítear é trí chluichí agus dhúshláin. Is é forás iomlánaíoch an pháiste príomhchuspóir an churaclaim chorpoideachais: cuirtear béim ar fhorás pearsanta agus sóisialta, ar fhás fisiceach, agus ar fhorás luaileach. Díríonn na spriocanna a leagtar síos sa churaclam ar fheabhsú aonánach agus ní ar bhuachan ná bheith ar an duine is fearr.

Ionad na hiomaíochta sa chlár corpoideachais

Ós rud é go n-aibíonn páistí de réir rátaí luais éagsúla, ba chóir go scáileodh cláir chorpoideachais na difríochtaí móra a fheictear go minic

laistigh d'aoisghrúpa amháin. Nuair is féidir leis na páistí iad féin a oiriúnú dá leibhéal gníomhaíochta féin agus comharshúgradh spontáineach ar siúl, b'fhéidir nach mbíonn aon drochiarmhairtí ar na leibhéil éagsúla aibíochta. Uaireanta, áfach, nuair is iomaíocht a bhíonn ar siúl déantar páistí a ghrúpáil gan aird a thabhairt ar dhifríochtaí méid agus nirt, ar achar na plásóige imeartha, ar fhad an chluiche nó ar an bhfearas a bhíonn in úsáid. Mura mbaintear an bhéim den iomaíocht, bíonn baol ann i gcónaí go n-éireoidh páistí nach bhfuil inchomórtais lena bpiairí as an gcorpoideachas agus go mbeidh siad neamhghníomhach mar dhaoine fásta. Páistí tréitheacha nó páistí corpláidre, leis, a thagann i dtír ar réim de spóirt iomaíocha amháin, ní móide go mbeidh a mhalairt acu amach anseo nuair is deacra bheith buach i gcúrsaí spóirt, agus tiocfaidh maolú dá bharr sin ar a ndúil chun rannpháirtíochta.

Mar sin féin ní thagann an iomaíocht salach ar fhorás iomlánaíoch an pháiste nuair a chuirtear na deiseanna úd ar fáil dó/di a chabhróidh leis/léi a leibhéal acmhainne féin a ghnóthú. Is i rith blianta na bunscolaíochta a shealbhaítear na luailí agus na scileanna is gá chun tabhairt faoi spórt foirmiúil. I rith an ama seo freisin foghlaimíonn an páiste conas cúram feidhmeannaigh a chomhall ag cluichí agus conas meas a chothú ar chéilí comhraic, ar fheidhmeannaigh, ar rialacha agus ar an lucht féachana. Is féidir le cur chuige cothrom i leith na hiomaíochta cur go suntasach le forás an pháiste, agus sult, taitneamh agus sásamh a sholáthar dó/di ag an am céanna.

Gníomhaíocht seach-churaclaim

Cuireann an scoil deiseanna ar fáil do pháistí páirt a ghlacadh i spórt tríd an gclár corpoideachais. Chomh maith leis sin, cuireann a lán scoileanna deiseanna breise ar fáil trí mheán cláir sheach-churaclaim, clár a chuimsíonn ullmhú do chomórtais idir scoileanna.

Ba chóir gníomhaíochtaí seach-churaclaim, cinn a eagraíonn nó a fheidhmíonn múinteoirí nó tuismitheoirí go deonach, a nascadh leis an gclár corpoideachais nuair is féidir. Is cúnamh ríluachmhar é d'fhorbairt shóisialta agus d'fhorbairt coirp páistí am, iarracht agus saineolas den chineál seo bheith ar fáil. Is féidir leis sult agus taitneamh a sholáthar dóibh maille le deiseanna chun a ngaol le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le páistí eile a neartú. Mar sin, ba chóir go scáileodh clár seach-churaclaim, a chuimsíonn gníomhaíochtaí iomaíocha, aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim chorpoideachais i gcónaí.

Cothromas idir buachaillí agus cailíní a chothú tríd an gcorpoideachas

Agus an curaclam corpoideachais á phleanáil, ba cheart riachtanais buachaillí agus cailíní araon agus na nithe is spéis leo a chur san áireamh, ar bhonn cóir, chun cuidiú le dearcadh deimhneach i leith na ngníomhaíochtaí go léir a chothú.

An páiste a bhfuil riachtanais faoi leith air/uirthi

Ba cheart go n-aireodh an páiste a bhfuil riachtanais faoi leith air/uirthi an taitneamh a ghabhann le bheith rannpháirteach sna céimeanna éagsúla den chlár corpoideachais agus é/í ag dul chun cinn de réir a c(h)umais féin. Tá sé tábhachtach go spreagfadh an múinteoir ranga an páiste le bheith rannpháirteach go hiomlán sa cheacht corpoideachais agus go gcuirfeadh sé/sí an deis ar fáil dó/di leas a bhaint as clár cothrom corpoideachais.

Clár corpoideachais na scoile

Cuimseoidh an plean scoile mianach agus scóip an chorpoideachais agus aitheantas á thabhairt aige do riachtanais fhorásacha dhifriúla na bpáistí, maille le hinfhaighteacht acmhainní. Ba chóir gnéithe uile an churaclaim agus a mhéid is féidir iad a fheidhmiú a chur san áireamh nuair a bhíonn an plean corpoideachais á cheapadh. Cinneadh ar chur chuige den chineál seo amháin a sholáthróidh clár leathan cothrom sa scoil. Ós rud é go bhfuil an clár le comhtháthú leis na hachair churaclaim eile, is é/í an múinteoir ranga an múinteoir is oiriúnaí chun an clár corpoideachais a theagasc.

Measúnú

Dlúthchuid de theagasc agus d'fhoghlaim an chorpoideachais is ea an measúnú, dála achar eile den churaclam. Léiríonn an mhír ar mheasúnú conas is féidir le raon teicníochtaí measúnaithe cabhrú le taithí foghlama an pháiste a shaibhriú agus eolas úsáideach a sholáthar do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile.

An corpoideachas agus achair eile den churaclam

Gabhann a lán cuspóirí leis an gcorpoideachas a fhorbraítear nuair a phléann páistí le hábhair eile, amhail Gaeilge, Béarla, tíreolaíocht, ealaín, ceol, matamaitic, agus go háirithe oideachas sóisialta, pearsanta agus

sláinte. Is féidir foghlaim na bpáistí sna hábhair seo a shaibhriú freisin trí mheán cláir chorpoideachais atá leathan, cothrom. Mar shampla, is féidir le páiste a fhoghlaimíonn conas léarscáil nó plean a chiallú sa cheacht tíreolaíochta an scil seo a úsáid nuair a thugann sé/sí faoi ghníomhaíocht treodóireachta. Sa tslí seo, is féidir leis an gceacht ar ghníomhaíochtaí lasmuigh agus ghníomhaíochtaí eachtraíochta deis a sholáthar don pháiste an scil seo a fhorbairt ar bhealach praiticiúil. Cuirtear a lán deiseanna forbartha teanga ar fáil don pháiste a ghlacann páirt i ndíospóireacht faoi rialacha cluichí nó faoi fhorbairt sraithe sa ghleacaíocht. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh scoileanna machnamh ar na naisc a cheanglaíonn an corpoideachas le hábhair eile. Má dhéantar pleanáil chúramach, cinnteofar go mbeidh cuspóirí an chorpoideachais sonraithe go soiléir laistigh de ghníomhaíochtaí comhtháite.

Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Cé go bhfuil an bhéim sa churaclam corpoideachais ar rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí fisiceacha, is féidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide meán spéisiúil corraitheach a sholáthar trínar féidir spéis na bpáistí a ghríosú i ngníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an gcorpoideachas.

Teanga agus an corpoideachas

Tagann próisis teagaisc agus foghlama faoi anáil teanga ar dhóigh atá chomh forleatach sin nach dtugtar samplaí faoi leith de chomhtháthú idir ábhair éagsúla agus teanga sa churaclam. Is trí bheith ag caint faoi eispéiris sa chorpoideachas, trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, a shoiléiríonn an páiste a c(h)uid idéanna. Úsáideann an múinteoir teanga sa cheacht corpoideachais agus é/í ag ceistiú, ag treorú, ag míniú, ag comhairliú, ag tabhairt leide agus ag gríosú an pháiste chun machnaimh. Ar a uain féin, spreagtar an páiste chun freagartha trí bheith ag cur síos, ag plé, ag tuairimíocht, ag míniú agus ag nochtadh idéanna agus frithghníomhaíochtaí. Tá tábhacht ag baint le teanga freisin sa mhéid go gcuidíonn sí le páistí teacht ar ghníomhaíochtaí fisiceacha agus eolas mar gheall orthu a fháil ar ais. Ba chóir do mhúinteoirí, mar sin, a bheith airdeallach i gcónaí faoi theanga a bheith mar dhlúthchuid den phróiseas teagaisc agus foghlama nuair a bhíonn an clár corpoideachais á phleanáil agus á chur i bhfeidhm acu.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim chorpoideachais

- forás fisiceach, sóisialta, mothúchánach agus intleachtúil an pháiste a chothú
- buanna pearsanta deimhneacha a fhorbairt
- cuidiú le raon oiriúnach de scileanna luaile a shealbhú i gcomhthéacsanna éagsúla
- tuiscint agus eolas ar ghnéithe éagsúla na luaile a chothú
- léirthuiscint ar luail agus ar úsáid an choirp mar ghléas nochta mothúchán agus cruthaitheachta a fhorbairt
- taitneamh agus dearcadh deimhneach i leith gníomhaíochta coirp, agus mar a chuidíonn sí le corpacmhainn na sláinte ar bhonn saoil, a chothú mar ullmhú an pháiste do thráthanna scíthe a chaitheamh go gníomhach agus go fóinteach.

Cuspóirí leathana

Ach cumais dhúchasacha an pháiste agus tosca athraitheacha a chur san áireamh go cuí, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam corpoideachais ar chumas an pháiste

Forás sóisialta agus pearsanta

- taitneamh agus gnóthachtáil a eispéiriú trí mheán luaile
- idirghníomhú agus comhoibriú go híogair le daoine eile, cuma cad é a gcúlra cultúrtha nó sóisialta nó a sainriachtanais
- buanna féinmheasa, féinfheasachta, muiníne, tionscnaimh agus ceannasaíochta a fhorbairt
- tuiscint do chothrom na Féinne agus ar mheanma foirne a fhorbairt trí rannpháirtíocht agus iomaíocht
- dearcadh deimhneach i leith rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí luaile a fhorbairt
- eachtraíocht agus dúshlán a eispéiriú

Forás fisiceach agus luaileach

- neart, luas, teacht aniar agus solúbthacht a fhorbairt trí bheith páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí
- aclaíocht, airdeall, smacht, cothromaíocht agus comhordú a fhorbairt trí mheán luaile
- inniúlacht phearsanta a fhorbairt sna scileanna lúthchleasaíochta rith, léimneach agus caitheamh
- damhsaí a dhéanamh go muiníneach agus go hinniúil, damhsaí simplí tíre agus damhsaí Gaelacha san áireamh
- inniúlacht phearsanta i raon de luailí gleacaíochta a fhorbairt
- inniúlacht phearsanta a fhorbairt sna scileanna cluichí—seoladh, gabháil agus taisteal—raon fearais a úsáid agus na scileanna a chur i bhfeidhm le linn cluichí
- na scileanna is gá chun maireachtáil agus gluaiseacht go muiníneach sa timpeallacht a chur i bhfeidhm
- muinín as uisce a chothú sa pháiste agus é/í in aice leis an uisce, ar an uisce, istigh ann nó thíos faoi
- inniúlacht phearsanta i mbanganna snámha éagsúla agus in aclaíocht uisce a fhorbairt

Eolas agus tuiscint

- tuiscint agus eolas ginearálta ar ghníomhaíochtaí luaile a fhorbairt agus tairbhe a ghnóthú mar rannpháirtí agus mar sheallach

- tuiscint ar thaisteal agus ar ghlacadh meáchain a fhorbairt mar bhunús d'ionramháil agus rialú éifeachtach luaile agus coirp ar an urlár agus ar an bhfearas araon
- tuiscint ar úsáid spáis, luais, iarrachta, treo agus leibhéil a eispéiriú agus a fhorbairt agus gníomhartha á gcomhall
- tuiscint ar thosca bunúsacha cuí, idir rialacha, mhodhanna beartaíochta agus straitéisí, i dtaca le gníomhaíochtaí luaile a fhorbairt
- comhall luaile a bhreathnú, a phlé, a anailísiú agus a chiallú agus taitneamh a bhaint as
- eolas ar ghnóthachtáil i ngníomhaíochtaí luaile a bhailiú, a chlárú agus a chiallú
- bheith tionscantach, cinneadh ar chomhairle, fadhbanna a réiteach agus féinriar a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí luaile
- bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha trí mheán luaile agus eolas agus léirthuiscint orthu a fhorbairt
- léirthuiscint agus meas ar an timpeallacht a fhorbairt trí bheith páirteach in imeachtaí lasmuigh

Forbairt aeistéitiúil agus chruthaitheach

- an corp a úsáid mar mheán nochta mothúchán agus mar mheán cumarsáide agus feidhm á baint as raon ilghnéitheach spreagthach
- damhsaí simplí a chumadh agus a chomhall
- cluichí simplí a chumadh agus a imirt
- tuiscint ealaíonta agus aeistéitiúil a fhorbairt trí bhíthin na luaile agus mar chuid di

Forbairt chorpacmhainn na sláinte

- corpacmhainn na sláinte a chaomhnú agus a mhéadú trí ghníomhaíocht bhríomhar choirp a chuidíonn le stíl shláintiúil mhaireachtála a chothú
- dea-chleachtais sláinteachais agus staidiúire a thuiscint agus a chur i bhfeidhm
- na buntáistí a ghabhann le suaimhneas a ghlacadh a léirthuiscint agus dúshláin a shárú

Forbairt sábhailteachta

- cleachtais shábháilte a úsáid sna gníomhaíochtaí coirp uile.

Ábhar don chorpoideachas a phleanáil

Struchtúr agus leagan amach

Tá ábhar an churaclaim corpoideachais leagtha amach i líon **snáitheanna** agus **snáithaonad** chun cabhrú le múinteoirí a gcuid oibre a phleanáil. Taispeántar samplaí i gcló iodálach ar fud gach snáithe, ach ní ceart iad a mheas ach mar mholtaí.

Clár leathan cothrom

Aidhm thábhachtach den chlár corpoideachais is ea raon leathan gníomhaíochtaí a sholáthar. Deimhneoidh pleanáil éifeachteach go seachnófar athrá as cuimse nó bearnaí móra sa chlár.

Ba chóir cúig cinn de na snáitheanna a chur san áireamh gach bliain nuair is féidir é; áit a bhfuil áiseanna agus acmhainní gann ba chóir na roghanna féideartha go léir a iniúchadh d'fhonn na bacainní sin a shárú. Tá snáithe na hoiliúna uisce leagtha amach chun gur féidir é a fheidhmiú ag ceann ar bith de na leibhéil nó ag roinnt leibhéal, ag brath ar an bhfáil a bhíonn ar áis dó. Áit a gcuirtear oiliúint uisce ar fáil do ranganna naíonán, ba chóir an clár a chur in oiriúint do riachtanais an aoisghrúpa seo.

Moltar gach snáithaonad a chuimsiú d'fhonn éagsúlacht, cothromaíocht agus leanúnachas a chinntiú. Is féidir, áfach, scóip an phlé a dhéantar ar gach snáithaonad a oiriúniú don mhéid ama a bhíonn ar fáil.

Ciall agus léirthuiscint an pháiste ar ghníomhaíochtaí coirp a fhorbairt

Tá snáithaonad dár teideal 'Ciallú agus léirthuiscint' mar chuid de gach snáithe. Ní hé atá i gceist go mbunófaí ceachtanna ar ábhar an tsnáithaonaid seo ann féin ach go bhforbrófaí é de réir mar a dhéanfaí aonaid eile an tsnáithe a iniúchadh.

Nascadh agus comhtháthú

Tá deiseanna le haghaidh *nasctha* (.i. comhtháthú laistigh den churaclam corpoideachais) agus *comhtháthaithe* (.i. ceangail thraschuraclaim) le fáil ag gach leibhéal. Is féidir le múinteoirí na deiseanna seo a aithint agus an clár á phleanáil acu. Laistigh de na míreanna ábhair déantar moltaí sna nótaí taobh thíos de na snáithaonaid faoi roinnt de na cásanna ina bhféadfaí feidhm a bhaint as nascadh agus comhtháthú.

Ranganna naíonán

Foramharc

ranganna naíonán

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Lúthchleasaíocht	• Rith • Léimneach • Caitheamh • An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Damhsa	• An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh • An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint
Gleacaíocht	• Luail • An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Cluichí	• Seoladh, glacadh agus taisteal • Cluichí a cheapadh agus a imirt • Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint
Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta	• Siúl • Treodóireacht • Dúshláin lasmuigh • Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint
Oiliúint uisce	• Sláinteachas • Sábháilteacht uisce • Dul isteach san uisce agus teacht amach as • Snámhacht agus tiomáint • Forbairt banganna snámha • Cluichí liathróide uisce • Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuiscint

Snáithe: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad Rith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Siúl, bogshodar nó rith feadh achair

- siúl nó bogshodar a dhéanamh go neamhiomaíoch ar feadh tréimhse ó 30 go dtí 90 soicind

  rith i dteannta páirtí, gluaiseacht isteach i spás, treoraí a leanúint

Rábáil

- rábáil feadh achar ó 10 go dtí 20 m
- rábáil fhrithghníomhach a chleachtadh
- tosú as seasamh a chleachtadh

Rásanna sealaíochta

- páirt a ghlacadh i rás sealaíochta i mbeirteanna agus mála pónairí á úsáid
- páirt a ghlacadh i rásanna sealaíochta i bhfoirne agus i ngrúpaí beaga agus bealaí taistil éagsúla á n-úsáid

  rith, truslógacht, scipeáil

Cliathreathaíocht

- rith thar loirg ar an talamh

  rith thar línte
- rith thar loirg agus iad spásáilte go cothrom
- rith thar chliatha ísle, .i. níos lú ná 20 cm ar airde
- rith thar chliatha ísle agus iad spásáilte go cothrom.

Snáithaonad Léimneach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gníomhaíochtaí scipeála a chleachtadh le ropaí agus gan ropaí
- modhanna éagsúla léimní a thriail

  léimneach chun fad nó airde a ghnóthú agus modhanna éagsúla chun éirí agus tuirlingthe a iniúchadh.

Snáithaonad Caitheamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gairis agus modhanna oiriúnacha caite a iniúchadh, airde agus fad a bheith mar aidhm

  an t-urchar giolcaí a chleachtadh agus mála pónairí á aimsiú.

Nascadh

Cuimsíonn an lúthchleasaíocht gníomhaíochtaí is féidir a fhorbairt go cuí freisin sa ghleacaíocht agus sna cluichí.

Snáithaonad An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- labhairt faoin luail agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  conas is féidir mála pónairí a chaitheamh chun tuilleadh airde a aimsiú a phlé

- tuiscint ar bhunrialacha na n-imeachtaí lúthchleasaíochta ar leith a fhorbairt

  tosú as seasamh ar an rábáil

  rith díreach ar aghaidh nó i lána gan bac a chur ar dhaoine eile.

Comhtháthú

Ceol: Is féidir amhráin scipeála a nascadh le Léiriú—Amhránaíocht.

Snáithe: Damhsa

Snáithaonad An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luailí ball difriúil den chorp agus na bealaí inar féidir leis an gcorp gluaiseacht i spás a iniúchadh, ag baint feidhme as gníomhartha coirp simplí mar thaisteal (siúl, rith, scipeáil) agus léimneach, geáitsíocht agus socracht

  'deannach draíochta' a spré ar ghualainn, ar chos, ar lámh nó ar cheann chun an ball a athbheochan agus a chumas bogtha a iniúchadh

  bealaí difriúla taistil trí mheán siúil a iniúchadh: céimeanna beaga, céimeanna leathana, siúlta tapa, siúlta tuirsiúla, siúlta sona

- luail a iniúchadh agus a chruthú ag leibhéil dhifriúla—conairí difriúla a bheith á n-úsáid agus cruthanna difriúla a bheith á gcumadh sa spás

  taisteal gar don urlár agus conair fhiarlán á leanúint

- raon cuí dinimice sa luail a iniúchadh

  gluaiseacht go tobann nó go réidh

  luailí láidre nó éadroma a úsáid

- raon mothúchán nó braistintí a iniúchadh agus a chur in iúl trí luail choirp shimplí

  faitíos, scleondar, sonas a nochtadh

  mothúcháin damhsaí tíre éagsúla a léiriú

- damhsaí simplí a chumadh agus a léiriú faoi threoir an mhúinteora

  damhsa ainmhíoch: cruth ainmhíoch a ghlacadh ar dtús, taisteal tríd an dufair ar chonairí cuaracha agus i bhfiarláin agus ar deireadh dul i bhfolach taobh thiar de chrann

- freagairt go samhlaíoch trí mheán luaile do spreagthaigh mar fhocail, scéalta, dánta, pictiúir, ceol

  trí bhíthin an téama 'ainmhithe' a iniúchadh agus amhráin a úsáid mar spreagthaigh, cruthanna, gníomhartha agus conairí na n-ainmhithe a chruthú

- tosú ar ghníomhaíocht a fhorbairt i dteannta páirtí

  treoraí a leanúint le linn aithris a bheith á déanamh ar a luailí

- luailí simplí a chomhall in éineacht le frásaí rithimeacha, séiseacha ar leith

  gluaiseacht in éineacht le rímeanna agus gníomhamhráin

- cluichí cantana simplí agus damhsaí tíre a chomhall

  Skip to My Lou, Looby Lou

- stáidiúlacht, cothromaíocht agus comhordú a fhorbairt le linn gluaiseachta agus stoptha

- tosú ar mhothálacht a léiriú le linn gluaiseachta le ceol

  stopadh áit a mbíonn athruithe follasacha aithint cathain is ceart tús a chur le damhsa tíre.

Snáithaonad An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- labhairt faoi mhíreanna damhsa

  baill choirp a ainmniú agus cur síos ar na luailí atá ar a gcumas

  cur síos ar na conairí a leanadh i ngníomhaíocht 'lean-an-treoraí'

  luailí bó agus luailí lachan a chur i gcodarsnacht (Old Mac Donald)

  na luailí a d'oirfeadh do ghníomhamhráin áirithe a phlé

- meon nó mothúchán a sonraíodh sa luail a chiallú

  agus téama an tsorcais á iniúchadh, geáitsí nó luailí sona an áilteora grinn agus geáitsí nó luailí brónacha an áilteora caointe a aithint.

Comhtháthú

Matamaitic: Cruth agus spás—feasacht ar spásúlacht

Ceol: Éisteacht agus freagairt—fuaimeanna a iniúchadh; Léiriú—Amhránaíocht

Amharcealaíona: Is féidir obair ealaíne a úsáid mar spreagthach don damhsa, nó is féidir téamaí damhsa a léiriú le meáin ilghnéitheacha sna hamharcealaíona.

OSPS: Mise—Braistintí agus mothúcháin

Snáithe: Gleacaíocht

Snáithaonad Luail

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na bunghníomhartha luaile seo a fhorbairt: rith, stopadh, léimneach, rolladh, dreapadh, meáchan a aistriú, cothromú, luascadh, casadh, iompú, agus baill dhifriúla choirp á n-úsáid chun spás a iniúchadh
- bogadh agus rolladh a chleachtadh, agus de thoradh na ngníomhaíochtaí seo an rolladh ar aghaidh a dhéanamh
- feasacht coirp a fhorbairt trí éagsúlacht a chleachtadh iontu seo: treo, conairí, leibhéil, cruth, luas agus iarracht

  taisteal go mall ar dhá lámh agus cos amháin agus conair chuar á leanúint

  taisteal go cliathánach ar dhá lámh agus dhá chos agus an corp a choinneáil íseal

  meáchan coirp a iompar ar chos amháin, an corp a bheith sínte amach, an meáchan a aistriú go dtí dhá lámh agus cos amháin, an corp a bheith cuachta isteach

- scileanna a nascadh d'fhonn gearrshraith luailí a sholáthar

  dhá bhunghníomh luaile a nascadh

- tosú ar ghníomhaíocht i dteannta páirtí a fhorbairt

  páirtí a leanúint

- tosú ar ghníomhaíocht a aistriú go dtí an fearas

  taisteal timpeall fonsaí, isteach iontu agus amach astu

  taisteal feadh mataí agus binsí agus trasna agus timpeall orthu

  coinneáil ar cothrom agus úsáid á baint as mataí agus binsí agus as an mbarrabhosca

- fuinneamh a shú d'fhonn tuairt a sheachaint le linn tuirlingthe

  an droim a choinneáil díreach, na glúine a fheacadh

- dea-theannas coirp agus dea-staidiúir a fhorbairt i rith suíomh agus luailí gleacaíocha.

Snáithaonad An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- labhairt faoin luail agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  na baill choirp a úsáidtear i luail a aithint

  tréithe cothromaíochta a aithint (leathan, cúng, cuachta, sínte)

  luailí taistil tapa a chur i gcodarsnacht le luailí taistil malla

  cumas chun an fearas a ardú, a iompar agus a shuí go sábháilte a fhorbairt

- feasacht faoi dhaoine eile le linn don fhearas a bheith in úsáid a fhorbairt.

Comhtháthú

Matamaitic: Cruth agus spás—feasacht ar spásúlacht

OSPS: Mise—Sábháilteacht agus cosaint

Snáithe: Cluichí

Snáithaonad Seoladh, glacadh agus taisteal

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Láimhsiú na liathróide

- tosú ar scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt

  liathróid a rolladh chuig páirtí nó le sprioc mhór

  mála pónairí nó liathróid a chaitheamh san aer le hurchar giolcaí

  ní a chaitheamh le hurchar giolcaí agus go forlámhach le sprioc mhór

  ní a ghabháil agus na lámha i dteannta a chéile (scaobadh)

Ciceáil

- tosú ar scileanna ciceála a fhorbairt

  liathróid a chiceáil feadh na talún chuig páirtí, an taobh istigh den chos agus droim na coise á n-úsáid

  liathróid a rialú leis an gcos trí í a ghabháil nó a stopadh

  liathróid a ghibreacht leis an gcos agus í a ghabháil nó a stopadh

Iompar agus bualadh

- tosú ar scileanna iompair agus buailte a fhorbairt

  mála pónairí a iompar ar bhaill dhifriúla choirp (m.sh. bos na láimhe, cúl na láimhe, an ceann)

  mála pónairí a iompar ar shlacán beag

  ag gluaiseacht go mall nó go tapa

  agus an páiste ina stad, mála pónairí a bhocáil le slacán beag nó leis an lámh, bos nó cúl na láimhe a bheith in úsáid

  mála pónairí a bhocáil agus a iompar gach re seach ar shlacán beag nó ar an lámh

  liathróid a phreabadh ar raicéad agus an páiste ina stad

  bogchaid a bhualadh feadh na talún le slacán agus í a fháil ar ais

  bogchaid a bhualadh in éadan balla leis an lámh nó le slacán.

Snáithaonad Cluichí a cheapadh agus a imirt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí a cheapadh agus a fhorbairt agus na páistí ina mbeirteanna

  liathróid a rolladh le sprioc

  liathróid a chiceáil chuig páirtí trí 'chúl'

- cluichi simplí clóis a imirt

  an cat is an luch, coinnígí an ciseán lán, an sionnach agus na géanna, liathróid the.

Snáithaonad Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- labhairt faoi scileanna luaile atá bainteach le cluichí agus iad a fhorbairt

  rith, léimneach, fiach agus scipeáil

- straitéisí fadhbréitigh agus cinnteoireachta a fhorbairt

  faire ar eitilt liathróide tríd an aer roimh ghlacadh léi

  sraitheanna de luailí a chumadh, ag baint úsáide as slacán agus liathróid, preabanna ísle agus arda, preabadh ar an slacán nó preabadh den talamh san áireamh

- rialacha simplí a chur i bhfeidhm i gcluichí

  deis a bheith ag páiste liathróid a chaitheamh faoi thrí le sprioc agus seans a bheith ag a p(h)áirtí ansin.

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Siúl

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi shiúlóidí gearra laistigh de chlós na scoile nó cóngarach dó
- ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha

  bheith páirteach i dtóraíocht chiste.

Snáithaonad Treodóireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- achair den halla, den pháirc imeartha nó de chlós na scoile a aithint

  gníomhaíochtaí a chleachtadh a spreagfadh an páiste chun tosú ar 'an bealach a aimsiú', m.sh. aghaidh, cúl, taobh deas, taobh clé an halla a aithint

  treoracha a leanúint, m.sh. ar aghaidh, ar gcúl, faoi chlé, faoi dheas

  dul fad le gnéithe atá inaitheanta i ngrianghraif nó i bpictiúir, an tsiombail (rialaitheoir) ag an ngné sin a aimsiú agus í a chlárú ar bhealach simplí.

Snáithaonad Dushláin lasmuigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi chosáin eachtraíochta

  siúl thar loirg agus ansin thar loirg ardaithe d'fhonn sruthán samhailteach a thrasnú, .i. clochán

- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí simplí comhair (iontaoibhe)

  cosán caoch a leanúint: leanann páiste a bhfuil púicín air/uirthi cosán simplí gairid déanta de chorda (lámh amháin ar an gcorda aige/aici agus páirtí á t(h)ionlacan).

Snáithaonad Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tosú ar léirthuiscint agus meas ar an timpeallacht a fhorbairt

  cúram a dhéanamh de dhúile beo sa cheantar

  bruscar a chur de láimh go cuí.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha; Feasacht agus cúram imshaoil

Eolaíocht: Feasacht agus cúram imshaoil

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt saoránachta

Ábhar do ranganna naíonán

Ranganna 1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Lúthchleasaíocht	• Rith • Léimneach • Caitheamh • An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Damhsa	• An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh • An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint
Gleacaíocht	• Luail • An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Cluichí	• Seoladh, glacadh agus taisteal • Cluichí a cheapadh agus a imirt • Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint
Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta	• Siúl • Treodóireacht • Dúshláin lasmuigh • Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint
Oiliúint uisce	• Sláinteachas • Sábháilteacht uisce • Dul isteach san uisce agus teacht amach as • Snámhacht agus tiomáint • Forbairt banganna snámha • Cluichí liathróide uisce • Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuiscint

Snáithe: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad Rith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Siúl, bogshodar nó rith feadh achair

- siúl nó bogshodar go neamhiomaíoch ar feadh tréimhsí ó 30 soicind go dtí dhá nóiméad

  litreacha, uimhreacha agus patrúin a dhéanamh ar an talamh le linn reatha

Rábáil

- rábáil feadh achar ó 20 go dtí 30 m agus an bhéim a bheith ar iarracht mharthanach i gcaitheamh na rábála
- rábáil fhrithghníomhach a chleachtadh
- tosú as seasamh a chleachtadh

Rásanna sealaíochta

- páirt a ghlacadh i rás sealaíochta i mbeirteanna agus mála pónairí á úsáid, d'fhonn teicníochtaí simplí a fhorbairt

  ag seachadadh leis an lámh dheas agus ag glacadh leis an lámh chlé
- páirt a ghlacadh i rásanna sealaíochta i bhfoirne nó i rásanna sealaíochta tointeála i ngrúpaí beaga, agus bealaí taistil éagsúla á n-úsáid

  truslógacht, preabadh, scipeáil

Cliathreathaíocht

- rith thar chliatha ísle agus iad spásáilte go cothrom (tuairim is 30 cm ar airde)
- teicníocht na cliathreathaíochta a chleachtadh

  an chos tosaigh a aithint.

Snáithaonad Léimneach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gníomhaíochtaí scipeála a chleachtadh le rópaí agus dá n-uireasa
- na modhanna éagsúla léimní a iniúchadh

  preabadh den talamh ar chos amháin agus tuirlingt ar an dá chos
- an léim as seasamh a chleachtadh ar mhaithe le fad agus airde
- gearr-ruthag roimh phreabadh den talamh ar chos amháin a fhorbairt

  trí choiscéim a thabhairt agus léimneach ar mhaithe le fad agus airde.

Snáithaonad Caitheamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gairis agus bealaí caite oiriúnacha a thástáil, airde agus fad a bheith mar aidhm

  an t-urchar giolcaí agus caitheamh os cionn láimhe a chleachtadh.

Snáithaonad An lúthchleasíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar ráta luais a fhorbairt

  luas beirt pháistí, duine acu ag rábáil, an duine eile ag rith ar feadh nóiméid, a chur i gcodarsnacht
- cur síos ar luail, í a phlé agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  tionchar ruthaig ar fhad léime a phlé
- tuiscint ar roinnt de bhunrialacha na lúthchleasaíochta a fhorbairt

  preabadh den talamh gan dul thar an lorg sa léim fhada
- gnóthachtáil phearsanta a thomhas

  léim fhada a chaitheann páirtí as a s(h)easamh a thomhas.

Nascadh

Cuimsíonn an lúthchleasaíocht gníomhaíochtaí atá infhorbartha freisin sa ghleacaíocht agus sna cluichí.

Comhtháthú

Matamaitic: Tomhais

Snáithe: Damhsa

Snáithaonad An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- raon níos mó de luailí ball coirp agus de ghníomhartha coirp, iompú san áireamh, a iniúchadh agus a fhorbairt

  liathróid leadóige boird a leagan ar an ngualainn, mar dhea, í a phreabadh agus a chaitheamh san aer; ansin breith uirthi ar an droim, an dromán, trácht na coise nó an rosta

  luailí iompaithe a iniúchadh, ag baint feidhme as baill dhifriúla choirp (an ceann, an lámh, an ghualainn) chun an t-iompú a threorú

  iompuithe ísle agus arda; iompuithe tapa agus malla

- leibhéil, conairí agus cruthanna difriúla a iniúchadh a thuilleadh sa spás agus tosú ar threonna a iniúchadh

  trí chorpchruth a cheapadh, iad ag leibhéil dhifriúla agus ag tabhairt aghaidh ar threonna difriúla

- raon dinimice sa luail a iniúchadh

  gluaiseacht faoi theannas agus gan teannas: Giolla an tSeaca agus an fear sneachta leáiteach

- raon meonta nó mothúchán a iniúchadh agus a chur in iúl trí luail choirp shimplí

  mearbhall, áthas, fearg a nochtadh

- damhsaí a mbeidh a dtús, a lár agus a gcríoch soiléir a chumadh, a chleachtadh, agus a léiriú

  damhsa Ailís i dTír na nIontas: tús: titim isteach sa tollán; lár: bualadh leis na pearsana; críoch: titim agus dúiseacht

- leanúint de bheith ag freagairt go samhlaíoch trí mheán luaile do spreagthaigh mar fhocail, scéalta, dánta, pictiúir, amhráin agus ceol

  agus téama na fantaisíochta á iniúchadh trí scéal faoi bhréagán a úsáid mar spreagthach, cruthanna agus gníomhartha na bpearsana bréige a chruthú

- gníomhaíocht a fhorbairt i dteannta páirtí

  páirtí a leanúint agus aithris a dhéanamh air/uirthi: lean-an-treoraí

  gluaiseacht in éineacht (déanann an bheirt damhsóirí na luailí ag an am céanna)

  bualadh le chéile agus scaradh

- raon de chéimeanna agus de luailí simplí a d'oirfeadh do fhrásaí séiseacha agus rithimeacha ar leith a chomhall

  teaglama de shraitheanna siúlóide, scipeála agus reatha a chomhall

- raon ilghnéitheach tofa de dhamhsaí Gaelacha agus de dhamhsaí tíre a dhéanamh

  sleaschéim agus céim phromanáid na ndamhsaí Gaelacha a mhúineadh agus na céimeanna seo a chur le chéile i bhfoirm sraitheanna simplí le tionlacan oiriúnach ceoil

  Damhsa na Cuaiche agus Tar Chugam a chomhall

- stáidiúlacht, cothromaíocht agus comhordú sa bhreis a fhorbairt le linn gluaiseachta agus stoptha

- feasacht ar an ngaol atá idir ceol agus luail a fhorbairt; mothálacht a léiriú sa ghluaiseacht i leith rithim agus mhíriú an cheoil

  stopadh ag deireadh míre, amhail sa cheol damhsa Ghaelaigh.

Snáithaonad An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- damhsaí simplí a bhreathnú agus cur síos agus plé a dhéanamh orthu

  cur síos ar na baill choirp a úsáidtear sa mhír den damhsa Ailís i dTír na nIontas ina bhfuil fás agus crapadh, agus na cruthanna agus na gníomhartha coirp sin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht

  cur síos ar na conairí a leanann páirtithe agus iad ag teacht le chéile agus ag scaradh

- fo-ranna damhsa a aithint sna téarmaí: 'tús', 'lár', agus 'críoch'

  damhsa scéal na mbréagán

  tús: dúisíonn na bréagáin

  lár: beannaíonn na bréagáin dá chéile agus damhsaíonn siad

  críoch: filleann an saor bréagán agus siocann na bréagáin

- meon nó mothúchán a sonraíodh sa luail a chiallú

  mar a chuirtear mothú an fhaitís in iúl a aithint trí anailís a dhéanamh ar dhreach an éadain, ar gheáitsí agus ar ghníomhartha coirp.

Comhtháthú

Matamaitic: Cruth agus spás—feasacht ar spásúlacht

Ceol: Éisteacht agus freagairt

Amharcealaíona: Is féidir obair ealaíne a úsáid mar spreagthach don damhsa, nó is féidir téamaí damhsa a léiriú le meáin ilghnéitheacha sna hamharcealaíona.

OSPS: Mé féin—braistintí agus mothúcháin

Stair: Mise agus mo mhuintir—Féastaí agus féilte fadó

Snáithe: Gleacaíocht

Snáithaonad Luail

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na bunghníomhartha luaile seo a fhorbairt: cothromú, rolladh, iompú, casadh, síneadh, dreapadh agus aistriú meáchain, agus baill éagsúla choirp á n-úsáid chun an spás a iniúchadh
- rolladh ar aghaidh faoi rialú a chleachtadh agus a chomhall
- tosú ar rolladh ar gcúl a chleachtadh agus a chomhall i ndiaidh gníomhaíochtaí tosaigh bogtha agus rollta
- leanúint d'fheasacht coirp a fhorbairt trí níos mó éagsúlachta a aimsiú sa luail maidir le treo, conairí, leibhéil, cruth, luas agus iarracht

  taisteal ar dhá lámh agus cos amháin, cothromaíocht shínte a choinneáil sa suíomh sin agus an meáchan a aistriú ansin chun taistil ar dhá chos agus dhá lámh, agus conair fhiarláin á leanúint

- gníomhaíocht urláir a aistriú go dtí an fearas
- leanúint le scileanna luaile a nascadh, agus sraitheanna aonair agus sraitheanna beirte a chomhall ar an urlár agus ar an bhfearas

  coinneáil ar cothrom ar bhinse, léimneach den bhinse ar mhata agus taisteal trasna an mhata de rolladh; aithris a dhéanamh ar shraith pháirtí

- smacht a léiriú le linn éirí agus eitilte agus an cumas súite fuinnimh a fhorbairt d'fhonn tuairt a sheachaint le linn tuirlingthe

  éirí agus na glúine a bheith feactha, tuirlingt agus na glúine a bheith feactha agus an droim díreach

- dea-theannas coirp agus dea-staidiúir a fhorbairt trí shuímh agus luailí gleacaíocha.

Snáithaonad An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luail a bhreathnú, cur síos a dhéanamh uirthi agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  bealaí a aithint chun taistil thar bhinse agus an luail a aistriú go dtí an t-urlár

- cumas fearas a ardú, a iompar agus a shuí i gceart a fhorbairt
- feasacht ar dhaoine eile le linn don fhearas a bheith in úsáid a fhorbairt.

Comhtháthú

Matamaitic: Cruth agus spás

OSPS: Mise—Sábháilteacht agus cosaint

Snáithe: Cluichí

Snáithaonad Seoladh, glacadh agus taisteal

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Láimhsiú na liathróide

- scileanna a raibh taithí aige/aici orthu cheana a chleachtadh
- scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt agus a chleachtadh

  liathróid bheag a rolladh nó a chaitheamh le sprioc

  pasáil ón ucht as seasamh agus liathróid mhór á húsáid

  pasáil de phreab as seasamh agus liathróid bheag nó liathróid mhór á húsáid

  caitheamh os cionn láimhe chuig páirtí agus liathróid bheag á húsáid

  pas a ghlacadh (breith air) agus an airde a bheith á hathrú

Ciceáil

- scileanna ciceála a fhorbairt agus a chleachtadh

  liathróid a chiceáil feadh na talún chuig páirtí nó le sprioc, agus taobh istigh, droim agus taobh amuigh na coise á n-úsáid

  liathróid chruinn nó ubhchruthach a chiceáil ó na lámha

  céim a thabhairt agus liathróid chruinn nó ubhchruthach a chiceáil ó na lámha

  liathróid a rialú leis an taobh istigh den chos agus le droim na coise

Iompar agus bualadh

- scileanna iompair agus buailte a fhorbairt agus a chleachtadh

  liathróid a bhualadh in éadan balla leis an lámh agus ligean di preabadh uair amháin tar éis gach buille

  liathróid a phreabadh den talamh le linn bheith ar stad nó ag gluaiseacht go mall, agus lámh nó slacán beag gearrchosach á úsáid

  an méid thuas a dhéanamh arís agus arís ach an airde a bheith ag athrú

  liathróid a choinneáil den talamh agus baill choirp lastuas den chom a bheith á n-úsáid

  liathróid a ghibreacht nó a bhualadh feadh na talún ar mhaithe le cruinneas, agus camán nó maide haca á úsáid

  liathróid a bhualadh tríd an aer le sprioc agus camán á úsáid.

Snáithaonad Cluichí a cheapadh agus a imirt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí a cheapadh agus a fhorbairt, na páistí ina mbeirteanna nó ina ngrúpa beag

  cluichí seachadta muc-i-lár-báire

- leaganacha foirne beaga (mionleaganacha) de chluichí a imirt

  peil bhinse (leagan modhnaithe den chispheil)

  peil Ghaelach nó sacar 3 v. 3 le rialacha modhnaithe

  'leadóg ina bpéirí'—níl gá le líon

  mionchluiche corr: slacán simplí á úsáid, ceathrar imreoirí i gceist

- cluichí clóis a imirt

  cluichí fiaigh, i-bhfostú-sa-lathach, mála pónairí sioctha.

Snáithaonad Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialú scileanna luaile atá bainteach le cluichí a phlé agus a fhorbairt

  rith, léimneach, athrú luais, stopadh agus tosú

- straitéisí fadhbréitigh agus cinnteoireachta a fhorbairt

  sraitheanna simplí a cheapadh: liathróid a phreabadh faoi thrí in éadan an urláir agus faoi thrí ar shlacán

  cluiche simplí a cheapadh i dteannta páirtí agus sprioc, slacáin agus liathróid á n-úsáid

  imirt tacaíochta bhunúsach a léiriú sna tosca 2 v. 1 agus 3 v. 1

- tuiscint ar úsáid spáis a fhorbairt

  gluaiseacht isteach i spás chun liathróid a ghlacadh i dtosca 2 v. 1

- rialacha simplí a chur i bhfheidhm i gcluichí foirne beaga.

Comhtháthú

Stair: Mise agus mo mhuintir—Cluichí fadó; Féastaí agus féilte fadó

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Siúl

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi shiúlóidí gearra, lasmuigh de chlós na scoile nuair is féidir
- ní a aimsiú i gclós na scoile, ach leideanna simplí a bheith tugtha

  tóraíocht chiste.

Snáithaonad Treodóireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- achair de halla, de pháirc imeartha nó de chlós na scoile a aithint

  gníomhaíochtaí a chleachtadh a spreagfadh an páiste chun tosú ar 'an bealach a aimsiú', m.sh. tosach, cúl, taobh deas, taobh clé an halla a aithint

  treoracha a leanúint, m.sh. trí chéim chun tosaigh a thabhairt, céim amháin ar gcúl, trí chéim faoi dheas agus seacht gcéim faoi chlé

  taisteal fad le gnéithe a aithnítear as grianghriaf nó as pictiúir, an tsiombail (rialaitheoir) ag an ngné sin a aimsiú agus í a chlárú ar bhealach simplí
- nithe nó achair a aimsiú trí phlean simplí (sraith líníochtaí) a leanúint

  'siúlóid nathrach' a leanúint (.i. bealach breactha ar léaráid den urlár) ina bhfuil sé i gceist constaicí a shárú chun ceann scríbe a shroicheadh

  páiste eile a threorú timpeall cúrsa; déanann an dara páiste an bealach a chlárú ar phlean bán.

Snáithaonad Dúshláin lasmuigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi chosáin eachtraíochta

  bac-chúrsa (laistigh nó lasmuigh agus déanta d'fhearas mór agus d'fhearas beag, nó de ghnéithe aiceanta) a chríochnú go sábháilte trí choisíocht, lámhacán, crochadh, tarraingt, sleamhnú

  snámhaíl trí lúbraí nó tolláin, nó fúthu, iad déanta de bhinsí, mataí, boinn, srl., d'fhonn teacht ar rud faoi leith ar deireadh
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí simplí comhair (iontaoibhe)

  cosán caoch a leanúint: leanann páiste a bhfuil púicín air/uirthi cosán simplí gairid déanta de chorda, lámh amháin ar an gcorda aige/aici agus é/í ag gluaiseacht thar bhacainní, fúthu, tríothu agus timpeall orthu.

Snáithaonad Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- léirthuiscint agus meas ar an timpeallacht a iniúchadh a fhorbairt

  bruscar a chur de láimh go cuí

- gnéithe sábháilteachta na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu a phlé

  bealaí sábháilte chun tabhairt faoi chodanna de chosán eachtraíochta a aithint.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha; Feasacht agus cúram imshaoil

Eolaíocht: Feasacht agus cúram imshaoil

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt saoránachta; Mise agus daoine eile—caidreamh le daoine eile

Ranganna 3 agus 4

Foramharc

ranganna 3 agus 4

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Lúthchleasaíocht	• Rith • Léimneach • Caitheamh • An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Damhsa	• An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh • An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint
Gleacaíocht	• Luail • An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Cluichí	• Seoladh, glacadh agus taisteal • Cluichí a cheapadh agus a imirt • Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint
Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta	• Siúl • Treodóireacht • Dúshláin lasmuigh • Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint
Oiliúint uisce	• Sláinteachas • Sábháilteacht uisce • Dul isteach san uisce agus teacht amach as • Snámhacht agus tiomáint • Forbairt banganna snámha • Cluichí liathróide uisce • Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuiscint

Snáithe: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad Rith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Siúl, bogshodar nó rith feadh achair

- siúl, bogshodar nó rith a dhéanamh go neamhiomaíoch ar feadh tréimhsí ó 30 soicind go dtí 3 nóiméad

  rith in éineacht le cara nó le grúpa

Rábáil

- rábáil feadh achar ó 30 go dtí 60 m agus dea-theicníochtaí luasghéaraithe agus críochnaithe a fhorbairt
- ráibeanna frithghníomhacha a chleachtadh
- tosú as seasamh a chleachtadh

Rásanna sealaíochta

- páirt a ghlacadh i rás sealaíochta i mbeirteanna agus mála pónairí á úsáid d'fhonn teicníocht shimplí a fhorbairt

  ag seachadadh leis an lámh dheas agus ag glacadh leis an lámh chlé
- teicníocht mhalartú an bhata a chleachtadh le páirtí agus iad ina stad agus dul ar aghaidh uaidh sin chun an teicníocht a cleachtadh le foireann cheathrair
- teicníocht mhalartú an bhata a chleachtadh le linn bheith ag gluaiseacht go mall le páirtí agus, dá thoradh seo, í a chleachtadh le foireann cheathrair
- an rás sealaíochta caighdeánach a chleachtadh (.i. ceathrar páistí ar gach foireann, bata á úsáid) i líne dhíreach
- páirt a ghlacadh i rásanna sealaíochta ina bhfoirne nó i rásanna sealaíochta tointeála ina ngrúpaí beaga, agus bealaí taistil éagsúla á n-úsáid

  rith, scipeáil, truslógacht, preabadh

Cliathreathaíocht

- fad ó 20 go dtí 40 m a rith thar chliatha agus iad spásáilte go cothrom (tuairim 30–40 cm ar airde)
- teicníocht na cliathreathaíochta a chleachtadh

  an chos tosaigh a fhorbairt agus trí abhóg reatha a thabhairt idir na cliatha.

Snáithaonad Léimneach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gníomhaíochtaí scipeála a iniúchadh ina (h)aonar agus mar bhall de ghrúpa, le rópa agus dá uireasa
- na modhanna éagsúla léimní a iniúchadh, éirí den talamh ar chos amháin nó ar dhá chos agus tuirlingt ar dhá chos san áireamh
- an léim as seasamh a chleachtadh ar mhaithe le fad
- gearr-ruthag roimh phreabadh den talamh ar chos amháin a fhorbairt

  a trí nó a cúig d'abhóga a thabhairt agus léimneach ar mhaithe le fad
- léimneach ar mhaithe le hairde thar bhacainn a chleachtadh (tuairim 40 cm ar airde) agus ruthag gearr á shaothrú

  an dá chos faoi seach a thástáil chun preabtha agus teicníocht bhunúsach a úsáid (teicníocht an tsiosúir).

Snáithaonad Caitheamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an caitheamh os cionn láimhe (an ga) as seasamh a fhorbairt, agus mála pónairí, liathróid nó ga cúr-rubair á úsáid
- ruthag gearr a shaothrú (.i. trí abhóg) roimh scaoileadh leis an ngaireas caite
- tosú ar liathróid scothmhór nó meáchan bunata a chur (a radadh) as seasamh
- tosú ar chaidhte nó teasc bhunata a chaitheamh, agus teicníochtaí an ghreama, an luasctha agus an scaoilte a chleachtadh.

Nascadh

Cuimsíonn an lúthchleasaíocht gníomhaíochtaí atá infhorbartha freisin sa ghleacaíocht agus sna cluichí.

Snáithaonad An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint ar ráta luais a fhorbairt

  dúshláin phearsanta a thabhairt le linn bheith ag rith feadh achair, tríd an t-achar a ritheadh a thomhas agus a chlárú gach 30 soicind d'fhonn ráta cothrom a bhunú
- cur síos ar luail, í a phlé agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  tionchar trí abhóg a thabhairt idir na cliatha a phlé
- tuiscint ar rialacha na lúthchleasaíochta a fhorbairt

  an t-achar malartaithe a mhodhnú d'fhonn an riail faoi mhalartú an bhata a thionscnamh
- gnóthachtáil phearsanta áirithe a thomhas

  fad léime as seasamh agus fad léime le ruthag a chur i gcomparáid
- gníomhú pearsanta agus gníomhú páirtí in imeachtaí lúthchleasacha a anailísiú

  dea-theicníocht le linn cliathreathaíochta a thabhairt faoi deara.

Comhtháthú

Matamaitic: Tomhais

Snáithe: Damhsa

Snáithaonad An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luailí ball coirp agus gníomhartha coirp atá níos casta, aistriú meáchain san áireamh, a iniúchadh

  luailí bhaill dhifriúla an choirp a nascadh d'fhonn sraitheanna a chruthú ina mbeidh baill choirp ar bogadh ceann i ndiaidh a chéile: na guaillí agus ansin na cromáin, ansin na rostaí, ansin an ceann

  bealaí éagsúla chun spás a thrasnú a iniúchadh, m.sh. nuair a bhíonn an corp á shíobadh ag an ngaoth agus meáchan an choirp á aistriú ó bhall coirp amháin go dtí ceann eile: ó na lámha go dtí na cosa, ó chos amháin go dtí cos eile, ón tóin go dtí an droim go dtí an cliathán

- leibhéil, conairí, cruthanna agus treonna difriúla i spás a iniúchadh a thuilleadh

  le linn taistil tríd an spás ar chonairí cuaracha agus díreacha, cruthanna malartacha an choirp mar aon leis na leibhéil agus na treonna difriúla atá inúsáidte i ngach conair a iniúchadh

- leanúint de raon níos mó dinimice sa luail a iniúchadh

  agus téama na róbat á iniúchadh, gníomhú stiúrtha righin an róbait agus é ag gluaiseacht caol díreach trí spás a chur i gcodarsnacht le gníomhú rábach solúbtha an róbait atá gan stiúir agus é ag sníomh trí spás

- raon meonta nó mothúchán a iniúchadh agus a chur in iúl trí luailí coirp

  áthas, fearg, brón a chur in iúl

- damhsaí a mbeidh a dtús, a lár agus a gcríoch soiléir a chumadh, a chleachtadh agus a léiriú, ag baint feidhme as teicníocht shimplí chomhréire (gluaiseann na damhsóirí go léir in éineacht) agus ag tionscnamh canón (déanann damhsóir A luail, déanann damhsóir B amhlaidh ansin)

  agus damhsa mar gheall ar stoirm á cheapadh, luail ghéar thréan dhíreach agus í déanta i gcomhréir le páistí eile a léiriú agus í a athdhéanamh ansin duine ar dhuine i bhfoirm chanóna d'fhonn neartú na toirní agus na tintrí a chur in iúl

- freagairt do spreagthaigh mar fhocail, scéalta, dánta, pictiúir agus ceol le breis mothálachta agus samhlaíochta sa luail

  téama an spáis amuigh a iniúchadh agus pictiúir de spásárthaigh á n-úsáid mar spreagthaigh; mír luaile a léireodh cóimeáil agus éirí roicéid agus a phatrún eitilte trí spás a chruthú i ngrúpa beag

- gníomhaíocht i dteannta páirtí a fhorbairt agus tosú ar bheith ag obair i ngrúpaí beaga

  páirtí a leanúint agus aithris a dhéanamh air/uirthi

  bualadh le chéile agus scaradh

  aithris agus codarsnacht

- raon de chéimeanna agus de luailí a d'oirfeadh do mhíreanna rithimeacha agus séiseacha a chomhall, luail uachtar an choirp ina chuid de

  sraitheanna siúil, reatha agus léimní a chomhordú le raon luaile ina bhfuil na lámha, an ceann agus uachtar an choirp i gceist

- raon ilghnéitheach tofa de dhamhsaí Gaelacha agus de dhamhsaí tíre—damhsaí ina n-athraíonn an t-eagar go minic—a dhéanamh

  Port an Fhómhair, Ionsaí na hInse, Damhsa an Ghréasaí, an Damhsa Boise Gearmánach, Damhsa an Chnó Coill

- damhsa le tionlacan ceoil agus íogaireacht a léiriú d'athruithe rithime agus do mhíriú

  stopadh de réir mar is cuí, an chéad fhrása eile a réamhghabháil

- stáidiúlacht, cothromaíocht, rialú agus comhordú sa bhreis a léiriú le linn gluaiseachta agus stoptha.

Snáithaonad An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a d(h)amhsa féin agus damhsa páistí eile a bhreathnú agus cur síos agus plé a dhéanamh orthu

  féachaint ar dhamhsóirí gairmiúla nuair is féidir, iad beo nó ar thaifead físe

  cruth agus gníomhú coirp atá ag taisteal ar chonair líneach d'fhonn ionsaí a chur i gcéill a phlé; cruth agus gníomhú coirp atá ag taisteal ar chonair chuarach d'fhonn meidhir a chur i gcéill a phlé

  corprialú agus dreach éadain damhsóra a phlé

  luailí damhsaí tíre ó dhá thír dhifriúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht

- tús, lár agus críoch damhsa a aithint mar aon leis na hamanna a tharlaíonn comhréir agus canóin

- meon nó mothúchán a chonacthas i ndamhsa a chiallú

  cosa ar liobairne agus ceann cromshúileach—mothú brónach, dearóil á mhaíomh

  céimeanna preabacha agus lámha ag luascadh—mothú sona, áthasach á mhaíomh.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt

Amharcealaíona: Is féidir obair ealaíne a úsáid mar spreagthach don damhsa, nó is féidir téamaí damhsa a léiriú le meáin ilghnéitheacha sna hamharcealaíona.

Stair: Staidéir áitiúla—Féastaí agus féilte fadó

OSPS: Mé féin—Braistintí agus mothúcháin

Snáithe: Gleacaíocht

Snáithaonad Luail

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- sraitheanna luaile a cheapadh agus a chomhall d'fhonn feasacht coirp a fhorbairt agus athruithe cuí a bheith á ndéanamh ar threo, conairí, leibhéil, cruth, luas agus iarracht

  léimneach ó chos amháin go dtí dhá chos agus conair i bhfiarláin á leanúint, an meáchan a aistriú go dtí na lámha agus an corp a ísliú agus rolladh ar aghaidh
- raon gníomhartha luaile a roghnú agus a nascadh d'fhonn taistil ar an urlár agus ar an bhfearas

  rolladh trasna mata, aistriú go dtí ball den fhearas (binse nó cuaille den fhráma dreaptha), taisteal thairis (de thruslóga nó ag sleamhnú), tuirlingt agus stopadh i gcruth sínte
- an rolladh ar aghaidh agus an rolladh ar gcúl a chleachtadh agus a chomhall faoi rialú
- tosú ar cheannseasamh agus lámhsheasamh, nó an dá rud, a chleachtadh
- tuilleadh rialaithe a léiriú le linn preabtha, eitilte agus tuirlingthe
- sraitheanna a tháirgeadh agus a chomhall i dteannta páirtí ar an urlár agus ag úsáid fearais

  sraith ina n-úsáidtear luail phreabach agus luail rollach a tháirgeadh

  luailí ceannaireachta agus leanúna, ag gluaiseacht ón urlár go dtí an fearas

  luailí scáthántachta: déanann páiste macasamhail de ghníomhartha páirtí
- dea-theannas coirp agus dea-staidiúir a shaothrú trí shuímh agus luailí gleacaíocha.

Snáithaonad An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luail a bhreathnú, cur síos a dhéanamh uirthi, agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  meastóireacht a dhéanamh ar shraith pháirtí agus aiseolas a sholáthar dó/di

  meastóireacht a dhéanamh ar shraith a chomhallann páistí eile
- cumas an fearas a ardú, a iompar, a chur le chéile, a bhaint as a chéile agus a stóráil mar ba cheart agus go sábháilte a fhorbairt
- feasacht ar dhaoine eile le linn don fhearas a bheith in úsáid a fhorbairt.

Comhtháthú

OSPS: Mise—Sábháilteacht agus cosaint

Ceol: Éisteacht agus freagairt—Éisteacht agus freagairt do cheol

Snáithe: Cluichí

Snáithaonad Seoladh, glacadh agus taisteal

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scileanna a raibh taithí aige/aici orthu cheana a chleachtadh

Láimhsiú na liathróide

- raon de scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt agus a chleachtadh

  liathróid mhór, í cruinn nó ubhchruthach, nó liathróid bheag a chaitheamh agus a cheapadh le linn bheith ag gluaiseacht

  caitheamh le sprioc bheag nó isteach inti (m.sh. cis nó líon)

  babhláil le sprioc (m.sh. slacán, scidilí, cúl)

  liathróid mhór, í cruinn nó ubhchruthach, nó liathróid bheag a scaobadh den talamh le linn bheith ag gluaiseacht

Ciceáil

- raon de scileanna ciceála a fhorbairt agus a chleachtadh

  liathróid atá ar stad nó ag bogadh a ardú go dtí na lámha leis an gcos

  liathróid a ghibreacht timpeall bacainní

  liathróid a phasáil agus a radadh le sprioc

  liathróid a chiceáil ar an talamh nó tríd an aer agus dul chuig suíomh inar féidir glacadh le pas

  liathróid a chiceáil tríd an aer feadh achair ghairid chun dul fad le páirtí, .i. cicphas

Iompar agus bualadh

- raon de scileanna iompair agus buailte a fhorbairt agus a chleachtadh

  as a s(h)easamh, liathróid nó eiteán a phreabadh nó a bhualadh suas san aer le raicéad (tulbhuille agus cúlbhuille gach re seach), gan ligean dó teagmháil leis an talamh

  an méid thuas a athdhéanamh le linn bheith ag gluaiseacht

  liathróid a bhualadh go forlámhach in éadan balla leis an lámh

  liathróid a ghibreacht timpeall bacainní agus camán nó maide haca á úsáid

  liathróid a dhornáil tríd an aer chuig páirtí—beireann seisean/sise uirthi agus seolann ar ais í le preabphas nó le hurchar giolcaí

  liathróid a bhualadh le raicéad nó slacán chuig páirtí a sheolann ar ais í d'urchar giolcaí

  liathróid a bhualadh le raicéad nó slacán chuig páirtí a bhuaileann ar ais í ar shlí go bpreabann sí uair amháin idir gach dhá bhuille.

Snáithaonad Cluichí a cheapadh agus a imirt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí a cheapadh agus a fhorbairt i dteannta páirtí nó grúpa bhig

  cluichí buailte, ciceála, caite agus gabhála

- leaganacha de chluichí a imirt i bhfoirne beaga (mionleaganacha)

  cluichí haca nó iomána 5 v. 5 le rialacha modhnaithe

  mionchluiche corr 4 v. 4

  leadóg nó badmantan i mbeirteanna agus líon á úsáid

  cluichí liathróide láimhe

  mionchluichí cispheile agus líonpheile

  mionchluichí sacair nó peil Ghaelach, 5 v. 5

- cluichí clóis a imirt

  liathróid phríosúín, cluichí fiaigh, liathróid tolláin.

Snáithaonad Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialú na scileanna luaile a bheadh bainteach le cluichí a phlé agus a fheabhsú

  rith, léimneach, athrú luais, stopadh agus tosú

- tuiscint sa bhreis ar úsáid spáis a shaothrú

  imeacht go dtí spás oscailte amach ó chéile imeartha agus pas a lorg

- scileanna fadhbréitigh agus cinnteoireachta a fhorbairt maille le tuiscint ar na modhanna beartaíochta agus na straitéisí atá inúsáidte i gcluichí modhnaithe

  imirt tacaíochta bhunúsach a léiriú sna tosca 2 v. 1 agus 3 v. 1

  prionsabail shimplí chosanta agus ionsaithe a fheidhmiú, bunscileanna tadhaill agus díshealbhaithe (dul i ngleic) san áireamh

  comhar bunúsach a léiriú in imirt mionchluichí

- rialacha a mhionathrú d'fhonn cluichí a mhodhnú agus scóir a chlárú.

Comhtháthú

Stair: Staidéir áitiúla—Cluichí agus caitheamh aimsire fadó

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Siúl

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi shiúlóidí san fhoraois

  páistí a threorú feadh cosán marcáilte san fhoraois, tascanna oiriúnacha a bheith le comhlíonadh feadh an bhealaigh (m.sh. cuimilteán de choirt a dhéanamh ag ionad cuí).

Snáithaonad Treodóireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na siombailí a sheasann do ghnéithe aitheanta ar léarscáil de cheantar atá ar eolas a aithint

  páistí a ghiollacht thart faoi bhealach rianaithe ar léarscáil agus a thaispeáint dóibh mar a úsáidtear siombailí chun gnéithe aitheanta a léiriú, .i. 'siúlóid léarscáile'

  tabhairt faoi aistear ar bhealach ceaptha agus é a rianú ar phlean

  bealach a thoghadh agus páirtí a ghiollacht; déanann an páirtí an bealach ceaptha a rianú ar phlean

  rialaitheoirí a aimsiú trí ghnéithe aitheanta a aithint agus a aimsiú as grianghraif

- tabhairt faoi ghníomhaíocht réalt-treodóireachta

  ionad rialaithe amháin atá rianaithe ar léarscáil a aimsiú, siombail a aimsítear ag an ionad sin a chlárú, filleadh ar an mbunáit, agus imeacht ar thóir an chéad ionaid rialaithe eile.

Snáithaonad Dúshláin lasmuigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi chosán eachtraíochta

  bac-chúrsa (é déanta laistigh nó lasmuigh) ar a bhfuil na bacainní socraithe ar shlí gur féidir le páistí dul ó thús deireadh agus gan teagmháil leis an talamh, ach sna hachair sin atá marcáilte nó ceadaithe amháin, a úsáid agus páistí eile ag cuidiú leo

  cosáin mharcáilte san fhoraois a úsáid agus dúshláin chuí a chomhlíonadh ag áiteanna atá ceaptha dóibh

- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí simplí comhair (iontaoibhe)

  seasamh ar chlár adhmaid le buíon pháistí agus an bhuíon a atheagrú in ord aibítre gan teagmháil leis an talamh (gníomhaíocht shuaitheadh an phaca).

Snáithaonad Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- dearcadh deimhneach a fhorbairt i leith cúram a dhéanamh den imshaol

  aire a thabhairt do dhúile beo

  bruscar a chur de láimh go cuí

- gníomhaíochtaí lasmuigh a phleanáil, iad a bhreathnú, cur síos orthu agus iad a phlé

  cúrsaí le haghaidh gníomhaíochtaí eachtraíochta a phleanáil

  na roghanna atá ar fáil chun gluaiseacht ó ionad rialaithe go chéile le linn treodóireachta a phlé.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha; Feasacht agus cúram imshaoil

Eolaíocht: Feasacht agus cúram imshaoil

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt saoránachta, Cúram an imshaoil; Mise agus daoine eile—caidreamh le daoine eile

Ranganna 5 agus 6

Foramharc

ranganna 5 agus 6

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Lúthchleasaíocht	• Rith • Léimneach • Caitheamh • An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Damhsa	• An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh • An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint
Gleacaíocht	• Luail • An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint
Cluichí	• Seoladh, glacadh agus taisteal • Cluichí a cheapadh agus a imirt • Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint
Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta	• Siúl, rothaíocht agus gníomhaíochtaí campála • Treodóireacht • Dúshláin lasmuigh • Gníomhaíochtaí uisce • Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint
Oiliúint uisce	• Sláinteachas • Sábháilteacht uisce • Dul isteach san uisce agus teacht amach as • Snámhacht agus tiomáint • Forbairt banganna snámha • Cluichí liathróide uisce • Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuiscint

Snáithe: Lúthchleasaíocht

Snáithaonad Rith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Bogshodar nó rith feadh achair

- bogshodar nó rith a dhéanamh go neamhiomaíoch ar feadh tréimhsí ó 30 soicind go dtí 5 nóiméad

  rith in éineacht le páirtí nó le grúpa agus bacainní ísle a thrasnú, luas an reatha a bheith á athrú

Rábáil

- rábáil feadh achar 50–70 m agus dea-theicníocht luasghéaraithe agus críochnaithe a fhorbairt
- ráibeanna frithghníomhacha a chleachtadh
- tosú as seasamh a chleachtadh
- ráibeanna tointeála (ráibeanna athdhéanta) feadh achar 30 m a chleachtadh

Rásaí sealaíochta

- teicníocht mhalartú an bhata a chleachtadh le linn bheith ag gluaiseacht i bhfoirne ceathrair
- páirt a ghlacadh i rás sealaíochta i líne dhíreach, bata a úsáid agus ceathrar páistí ar gach foireann
- páirt a ghlacadh i rás sealaíochta caighdeánach (.i. ceathrar páistí ar gach foireann, bata a úsáid) ar raon ubhchruthach, fad tuairim is 50 m a bheith le rith ag gach páiste
- páirt a ghlacadh i rásanna sealaíochta foirne i ngrúpaí beaga

  rásanna sealaíochta tointeála, rásanna sealaíochta ciorclacha (Parlauf)

Cliathreathaíocht

- fad 40–60 m a rith thar chliatha agus iad spásáilte go cothrom (tuairim is 40–50 cm ar airde)
- teicníocht na cliathreathaíochta a chleachtadh

  úsáid éifeachtúil na coise tosaigh agus na coise deiridh a fhorbairt

  trí abhóg reatha a thabhairt idir na cliatha
- fad tuairim is 150 m a rith thar chliatha agus iad spásáilte go míchothrom (tuairim is 30 m ar airde).

Snáithaonad Léimneach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gníomhaíochtaí scipeála a iniúchadh ina (h)aonar agus mar bhall de ghrúpa
- na bealaí éagsúla chun léimní a iniúchadh, preabadh den talamh ar chos amháin agus tuirlingt ar dhá chos san áireamh
- an léim as seasamh a chleachtadh ar mhaithe le fad
- gearr-ruthag roimh phreabadh den talamh ar chos amháin a shaothrú

  a trí, a cúig nó a seacht d'abhóga a thabhairt agus léimneach ar mhaithe le fad
- léimneach ar mhaithe le fad thar bhacainn a chleachtadh (tuairim is 50–60 cm ar airde) agus ruthag gearr á shaothrú

  teicníocht bhunúsach a úsáid (teicníocht an tsiosúir).

Snáithaonad Caitheamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an caitheamh os cionn láimhe (an ga) a fhorbairt as seasamh, agus mála pónairí, liathróid nó ga cúr-rubair á úsáid
- ruthag gearr tapa roimh scaoileadh leis an ngaireas caite a fhorbairt

  a trí, a cúig nó a seacht d'abhóga a thabhairt agus an gaireas a scaoileadh
- cur nó caitheamh an mheáchain as seasamh a fhorbairt agus liathróid scothmhór nó meáchan bunata á úsáid
- seasamh agus casadh a fhorbairt mar theicníocht curtha
- caitheamh na teisce a fhorbairt, ag baint feidhme as caidhte nó as teasc bhunata, agus teicníochtaí an ghreama, an luasctha agus an scaoilte a chleachtadh.

Snáithaonad An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tuiscint níos fearr ar luas, neart, rialú agus comhordú luaile a fhorbairt

  luas athraitheach a chleachtadh i rás 'achair'

  scaoileadh le gairis chaite ar bhealach rialaithe d'fhonn cruinneas agus fad an chaithimh a fheabhsú
- cur síos ar luail, í a phlé agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt

  an tionchar a bheadh ag fadú an ruthaig ar chaitheamh nó ar léim a phlé
- tuiscint ar rialacha na lúthchleasaíochta a fhorbairt agus iad a chur i bhfeidhm i dtosca iomaíocha cuí

  'líne caite' a chur i bhfeidhm, líne nach féidir leis an bpáiste a thrasnú nuair a bhíonn an gaireas caite á scaoileadh aige/aici
- gnóthachtáil áirithe phearsanta a thomhas

  fad caithimh as seasamh agus fad caithimh le ruthag a thomhas agus a chur i gcomparáid
- gníomhú pearsanta agus gníomhú páirtí in imeachtaí lúthchleasacha a phlé

  páirtí a chomhairliú faoi conas caitheamh níos faide, rábáil níos tapúla agus léimneach níos airde
- bheith eolach ar eagraíochtaí agus clubanna áitiúla a chuireann gníomhaíochtaí agus áiseanna lúthchleasacha ar fáil agus páirt a ghlacadh iontu
- tosú ar thuiscint don traenáil a ghnóthú mar ullmhú do ghníomhú in imeachtaí tofa raoin is faiche
- bheith feasach ar imeachtaí lúthchleasacha agus ar lúthchleasaithe sa cheantar, sa tír agus ar fud an domhain.

Nascadh

Cuimsíonn an lúthchleasaíocht gníomhaíochtaí atá infhorbartha sa ghleacaíocht agus sna cluichí freisin.

Comhtháthú

Matamaitic: Tomhais

Snáithe: Damhsa

Snáithaonad An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- raon luailí níos casta a chruthú agus a chomhall

  leithleachas stíle a léiriú maille le tuilleadh éagsúlachta sna gníomhartha coirp, cruthanna, leibhéil, treonna agus conairí le linn bheith ag gluaiseacht

  míreanna luaile a neartú le raon cuí dinimice

  cruthú luaile a thástáil i dteannta le páirtí agus i ngrúpaí beaga

- raon meonta nó mothúchán a chur in iúl trí mheán luaile

  úsáid cruthanna coirp agus cumarsáid súl d'fhonn cairdeas agus leithlis a chur in iúl a iniúchadh le linn bheith ag obair i gcomhar le páirtí

- damhsaí níos faide agus níos casta agus cruth dhamhsa go follasach orthu a chruthú, a chleachtadh agus a chomhall

  insint: scéal nó idé á nochtadh (Máirseáil go Cionn tSáile)

  AB (áit a seasann A don chéad chuid agus B don dara cuid, atá codarsnach le A ach 'an fhéith chéanna' a bheith ag rith tríothu araon): foirm dhénártha

  ABA (mar atá thuas, ach filleadh ar A): foirm thrénártha

- raon spreagthach níos fairsinge a roghnú agus freagairt dóibh le mothálacht bhreise

  cluas-spreagthaigh (ceol, focail), amharcspreagthaigh (péintéireacht, grianghraif, baill acra), tadhallspreagthaigh (scaifeanna, duilleoga), idéanna (imirce, dathanna)

- luailí damhsa a fhorbairt i dteannta páirtí agus i dteannta grúpa

  leanúint agus aithris

  teacht le chéile agus scaradh

  aithris agus codarsnacht

- úsáid culaithirte agus fearais (m.sh. maisc) a iniúchadh agus a thástáil d'fhonn cruthú agus comhall an damhsa a neartú

- raon céimeanna agus luailí le tionlacan rithimí agus míreanna ceoil a fhoghlaim agus a chomhall

- raon ilghnéitheach tofa de dhamhsaí Gaelacha agus de dhamhsaí tíre—damhsaí ina n-athraíonn an t-eagar go minic—a dhéanamh

  cor beirte, Baint an Fhéir, Réicí Mhala, Staicín Eorna, seit áitiúil,

  La Vinca (damhsa tíre Iodálach), damhsa tíre Francach

- damhsa a dhéanamh le tionlacan ceoil agus mothálacht bhreise a léiriú maidir le rithimí, míriú, stíl (ceol ó chultúir dhifriúla, ó thréimhsí difriúla), dinimic (ag éirí níos airde nó níos ciúine) agus foirm (dénártha agus trénártha)

- stáidiúlacht, cothromaíocht, rialú agus comhordú sa bhreis a léiriú le linn gluaiseachta agus stoptha

- dianmhachnamh agus feasacht ar dhaoine eile a léiriú le linn bheith ag damhsa.

Snáithaonad An damhsa a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- a d(h)amhsa féin agus damhsa daoine eile (damhsóirí gairmiúla san áireamh, iad beo nó ar thaifead físe) a bhreathnú, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé

  úsáid na luaile chun brí agus meon a chur i gcéill a scrúdú

  leithleachas an damhsa a phlé

  na teicníochtaí cumadóireachta a úsáideadh a aithint

  struchtúr agus foirm an damhsa a aithint

  úsáid culaithirtí nó fearais a scrúdú

  ceol agus cineálacha eile tionlacain a roghnú

  bunús an damhsa tíre a iniúchadh maille leis an bpáirt a ghlacann an damhsa i gcultúir agus i dtraidisiúin dhifriúla

- na teicníochtaí a úsáidtear i ndamhsa agus foirm an damhsa a aithint

  na móimintí a tharlaíonn comhréir agus canóin a aithint

  codanna de dhamhsa a bhfuil foirm dhénártha orthu a aithint

- meon nó mothúchán a chonacthas i ndamhsa a chiallú
- bheith eolach ar eagraíochtaí áitiúla agus ar ghrúpaí sa phobal a bhfuil baint acu le damhsa, agus ar na deiseanna atá ar fáil sa phobal chun bheith páirteach i ndamhsa.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt

Amharcealaíona: Is féidir obair ealaíne a úsáid mar spreagthach don damhsa nó mar fhrapa i gceacht damhsa, nó is féidir téamaí damhsa a léiriú le meáin ilghnéitheacha sna hamharcealíona.

Stair: Staidéir áitiúla—Féastaí agus féilte fadó

OSPS: Mise—Braistintí agus mothúcháin

Snáithe: Gleacaíocht

Snáithaonad Luail

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- raon gníomhartha gleacaíocha a roghnú agus a nascadh d'fhonn taistil ar an urlár agus ar an bhfearas
  - *léimneach de bharrabhosca agus rolladh trasna mata*
  - *léimneach de bhinse, casadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbinse agus rolladh ar gcúl*
- raon scileanna a chleachtadh agus a chomhall
  - *rolladh ar aghaidh agus ar gcúl, ceannseasamh, lámhsheasamh, rothalchleas*
- sraitheanna níos casta a tháirgeadh agus a chomhall, i dteannta páirtí, ar an urlár agus ag úsáid fearais
  - *luailí a threorú agus a leanúint*
  - *scáthántacht luailí*
  - *luailí codarsnacha*
  - *cothromú agus frithchothromú*
  - *tacú agus cabhrú le páirtí i luailí gleacaíocha áirithe*
- grúp-shraitheanna a tháirgeadh
- preabadh, eitilt agus tuirlingt dea-rialaithe a léiriú
- gníomhú coirp a fheabhsú maidir le tréithiúlacht, go háirithe síneadh coirp, teannas coirp agus soiléireacht corpchrutha.

Snáithaonad An ghleacaíocht a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- luail a bhreathnú, cur síos a dhéanamh uirthi agus ceisteanna mar gheall uirthi a chur agus a fhreagairt
  - *cothromaíochtaí atá cuachta, sínte, casta, siméadrach nó neamhshiméadrach a bhreathnú*
  - *luas luailí a bhreathnú (luasghéarú, luasmhoilliú)*
  - *an ceol a bheadh oiriúnach chun snáitheanna luaile a nascadh a mheá*
  - *cur síos ar na luailí a úsáidtear i snáithe grúpa eile*
- cumas fearas a ardú, a iompar, a chur le chéile, a bhaint as a chéile agus a stóráil i gceart agus go sábháilte a fhorbairt
- feasacht ar dhaoine eile le linn don fhearas a bheith in úsáid a fhorbairt
- bheith eolach ar eagraíochtaí agus ar chlubanna áitiúla a chuireann an ghleacaíocht chun cinn
- bheith eolach ar ghleacaithe agus ar imeachtaí gleacaíocha sa cheantar, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Comhtháthú

Matamaitic: Nuair a dhéantar siméadracht a iniúchadh sa ghleacaíocht déantar an staidéar a bhíonn déanta cheana féin ar shiméadracht a fhairsingiú.

OSPS: Mise—Sábháilteacht agus cosaint

Ceol: Éisteacht agus freagairt

Snáithe: Cluichí

Snáithaonad Seoladh, glacadh agus taisteal

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- scileanna a raibh taithí aige/aici orthu cheana a chleachtadh

Láimhsiú na liathróide

- scileanna láimhsithe liathróide a fhorbairt a thuilleadh agus a leathnú

liathróid, í cruinn nó ubhchruthach, a phasáil chuig páirtí agus an páiste ar stad nó ag gluaiseacht

pas ón ucht, pas lasnairde, pas de phreab, casphas, sciotphas agus scuabphas a úsáid de réir mar is cuí

bogadh d'fhonn liathróid a ghlacadh

Ciceáil

- scileanna ciceála a fhorbairt a thuilleadh agus a leathnú

liathróid a chiceáil ar an talamh nó tríd an aer agus é/í faoi ionsaí ag imreoir atá chuige/chuici

liathróid a smiotadh chuig páirtí

liathróid a chnagadh leis an gcos le linn bheith ag siúl nó ag bogshodar (rith aonair)

cic pionóis a ghlacadh

liathróid a dhropchiceáil

céim a thabhairt agus liathróid a dhropchiceáil

liathróid a rialú san aer leis an taobh istigh den chos

liathróid a bhualadh d'eitleog leis an gcos

roinnt céimeanna a thabhairt agus an liathróid a chiceáil ó na lámha, .i. lasc-chiceáil

liathróid a ghibreacht agus an chonair a athrú trí bheith ag iompú agus ag casadh

liathróid a radadh le sprioc bheag

Iompar agus bualadh

- scileanna iompair agus buailte a fhorbairt a thuilleadh agus a leathnú

liathróid a phasáil d'eitleog (eitpheil)

liathróid a thabhairt d'eitleog (eitpheil)

teicníocht an tsáite a chleachtadh (eitpheil)

liathróid nó eiteán a thabhairt go folámhach

liathróid a bhualadh le raicéad gan ligean di preabadh, m.sh. bualadh d'eitleog

liathróid a phreabadh nó a chothromú ar chamán le linn bheith ag gluaiseacht, .i. rith aonair

liathróid atá faoi shiúl a bhualadh le camán

liathróid a phéacardú le camán

liathróid a stopadh, a rialú agus a bhualadh le maide haca

liathróid a bhualadh le sprioc le maide haca.

Snáithaonad Cluichí a cheapadh agus a imirt

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí a cheapadh agus a fhorbairt i dteannta páirtí nó grúpa bhig

  cluichí babhlála, buailte, ciceála, caite agus gabhála

- leaganacha de chluichí a imirt i bhfoirne beaga (mionleaganacha)

  cluichí liathróide láimhe 1 v. 1

  cluichí mion-eitpheile 3 v. 3

  mionchluichí corr 5 v. 5 nó cruicéad 6 v. 6 (mearchruicéad)

  rugbaí leipreachán nó rugbaí tadhaill 4 v. 4

  mionchluichí cispheile agus líonpheile

  mionchluichí sacair, peil Ghaelach, iomáint nó mionchluichí haca 7 v. 7

- cluichí clóis a imirt

  rás sealaíochta rotha, an mála pónairí a fhiach.

Snáithaonad Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialú scileanna luaile atá bainteach le cluichí a phlé agus a fheabhsú

  rith, léimneach, athrú luais, stopadh, tosú, iompú

- tuiscint ar úsáid spáis, agus mionchluichí á n-imirt, a fhorbairt

  gluaiseacht ar aghaidh gan 'phlódú' nuair a bhíonn seilbh na liathróide ag a f(h)oireann agus cúl nó cis á ionsaí

- tuiscint ar na modhanna beartaíochta agus na straitéisí atá inúsáidte i mionchluichí a fhorbairt

  prionsabail chosanta agus ionsaithe a fheidhmiú, iad seo san áireamh: scileanna tadhaill agus díshealbhaithe (dul i ngleic), céile imeartha a sheachaint agus a mharcáil

  comhar bunúsach a léiriú in imirt mionchluichí

- rialacha a chur in oiriúint le haghaidh mionchluichí agus na scóir a ghnóthaítear i gcluichí a chlárú
- cumas cúram oifigiúil a chomhall ag cluichí a fhorbairt
- deiseanna bheith páirteach i gcluichí sa phobal a thapú
- tosú ar thuiscint a ghnóthú don traenáil mar ullmhú do ghníomhú i gcluichí
- bheith eolach ar chruinnithe spóirt agus ar imreoirí sa cheantar, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Comhtháthú

Stair: Staidéir áitiúla—Cluichí agus caitheamh aimsire fadó

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad Siúl, rothaíocht agus gníomhaíochtaí campála

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi shiúlóidí foraoise

  siúlóidí foraoise agus cnoic a iniúchadh agus tascanna cuí a bheith le déanamh feadh an bhealaigh (m.sh. casadh faoi dheis ag an gcéad chrosaire agus compás a úsáid chun an treo siúlóide a aimsiú)
- raon scileanna rothaíochta a shaothrú

  scileanna sábháilteachta rothaíochta a thuiscint agus a chur i bhfeidhm

  tabhairt faoi thuras rothaíochta nuair is cuí
- ullmhú le haghaidh campála

  dearadh agus déanamh scáthlán a thógfaí le hábhair aiceanta nó le hábhair sheiftithe a imscrúdú

  soirn champála a úsáid

  campa a shuíomh

  tabhairt faoi thuras campála go dtí ionad oiriúnach.

Snáithaonad Treodóireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialaitheoirí a aimsiú i gclós na scoile, ag baint feidhme as léarscáil nó plean

  tabhairt faoi thuras nuair is ionann roinnt de na nithe atá marcáilte ar an bplean (m.sh. trí bhinse nó trí chrann, agus gan d'idirdhealú orthu ach a dtreoshuíomh nó a n-ionad sa chlós)
- tabhairt faoi chúrsa réalt-treodóireachta ó chuimhne

  léarscáil ag an mbunáit a imscrúdú, conas teacht ar an ionad rialaithe a bheartú, an léarscáil a fhágáil ar leataobh ansin agus dul go dtí an t-ionad rialaithe
- tabhairt faoi threodóireacht ó phointe go pointe

  cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe go léir in ord, cárta rialaithe a mharcáil nó buaneolas a bhailiú ag gach ionad acu (m.sh. an mó céim atá ag an doras?)
- tabhairt faoi threodóireacht scórála

  cuairt a thabhairt ar na hionaid rialaithe go léir i ngrúpaí laistigh de theorainn ama; bronntar 'scóir' dhifriúla ar na hionaid éagsúla.

Snáithaonad Dúshláin lasmuigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tabhairt faoi chosán eachtraíochta

  bac-chúrsa a úsáid—é a bheith níos dúshlánaí toisc dualgas a bheith ar an iomaitheoir cupán plaisteach lán d'uisce a iompar ó thús deireadh nó ligean do pháirtí é/í a threorú agus dallóg ar a s(h)úile

- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhair (iontaoibhe)

  bacainní ardaithe, iad éagsúil maidir le hairde agus méid, a úsáid d'fhonn abhainn shamhailteach a thrasnú le cabhair ó pháirtí (clochán)

- tabhairt faoi dhúshláin fhisiceacha

  *barraí balla a dhreapadh agus trí phointe tadhaill a úsáid**

  *rópaí cuí a thrasnú agus na lámha agus na cosa a bheith á n-úsáid**

  **gníomhaíochtaí iad seo a bhíonn ar fáil de ghnáth in ionaid d'imeachtaí lasmuigh nó i hallaí gleacaíochta a mbíonn sainfheisteas iontu.*

Snáithaonad Gníomhaíochtaí uisce

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- páirt a ghlacadh i seisiún tionscantach curachóireachta nó seoltóireachta

  linn nó lárionad eachtraíochta áitiúil a úsáid.

Snáithaonad Gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- dearcadh deimhneach i leith cúram a dhéanamh den timpeallacht a fhorbairt

  cúram a dhéanamh de dhúile beo

  bruscar a chur de láimh go cuí

  an gá atá leis an imshaol a chaomhnú a léirthuiscint

- gníomhaíochtaí lasmuigh a phleanáil, a bhreathnú, cur síos orthu agus iad a phlé

  bailiú rialaitheoirí nuair a bhíonn grúp-ghníomhaíocht treodóireachta ar siúl a phleanáil

  mar a gcomhallann daoine nó grúpaí eile a ndúshláin a phlé

- na gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu a phlé ó thaobh sábháilteachta

  beartais sábháilteachta cuí a d'fhónfadh do ghníomhaíochtaí lasmuigh de chlós na scoile a aithint.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha; Feasacht agus cúram imshaoil

Eolaíocht: Feasacht agus cúram imshaoil

OSPS: Mise agus an domhan mór—forbairt saoránachta; Cúram imshaoil

Mise agus daoine eile—caidreamh le daoine eile

Oiliúint uisce do ranganna naíonán go dtí rang 6

Snáithe: Oiliúint uisce

Snáithaonad Sláinteachas

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tábhacht an tsláinteachais nuair a bhíonn an linn á húsáid a thuiscint

  úsáid an fholctha cos, an chithfholctha agus an leithris

  achar na linne a choinneáil glan.

Snáithaonad Sábháilteacht uisce

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- rialacha na linne áitiúla a chomhall
- na contúirtí a bhaineann le huisce a aithint

  doimhneacht, sruthanna, taoidí, an aimsir, truailliú, hipiteirme

- an modh ceart chun déiléail le contúirtí a aithint

  scileanna sábháilteachta pearsanta a chleachtadh (m.sh. iontrálacha sábhailte, STÍL, cuachadh, snámh i do sheasamh)

  scairteadh ar chúnamh ar uair na práinne agus cúram a dhéanamh den tsábháilteacht phearsanta

  tarrtháil sínte agus caite a léiriú ar talamh nó i gcomharsanacht na linne.

Snáithaonad Dul isteach san uisce agus teacht amach as

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- dul isteach san uisce

  na céimeanna nó an dréimire a úsáid

  suí, casadh agus sleamhnú isteach san uisce

  siúl isteach de bhruach na linne

  siúl isteach agus an aghaidh a chur san uisce gan imní

  bolgáin a shéideadh leis an mbéal agus é/í san uisce

  nithe éadroma a phiocadh suas ó thóin na linne agus na súile a bheith ar oscailt

  féachaint ar pháirtí faoin uisce

  léimneach isteach san uisce

  tumadh: tumadh dromchla nó tumadh dúléime (ina s(h)uí, cúbtha, ina s(h)easamh)

- teacht amach as an uisce

  céimeanna a úsáid

  teacht amach le cúnamh

  teacht aníos díreach ar bhruach na linne.

Snáithaonad Snámhacht agus tiomáint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- siúl in uisce éadomhain

  siúl agus patrúin a dhéanamh

  siúl le tionlacan rithime, ag athrú treo ar an mbuille trom

  dul thar dhuine nó thar bhacainn

- dul trasna na linne de léimeanna, de shleaschéimeanna nó de rith

  rásanna sealaíochta: trasnaíonn na páistí an linn de léimeanna, de shleaschéimeanna nó de rith

- a thabhairt faoi deara go snámhann nithe áirithe agus go dtéann nithe eile go tóin

  nithe (liathróid, lachain bhréige) a shéideadh, nó a stiúradh leis an tsrón nó leis an gceann timpeall nithe a bhíonn ar snámh

- cleachtaí cothromaíochta, rothlaithe agus athghabhála a shaothrú le snámhán agus dá uireasa

  seasamh suas athuair tar éis bheith béal faoi nó droim faoi

  an corp agus é béal faoi nó droim faoi a rolladh

  cruthanna, idir leathan is chaol, a dhéanamh le linn bheith ar snámh béal faoi nó droim faoi

  cruthanna a nascadh chun snáitheanna a chruthú

  bheith ar snámh i gcruth beacáin

  casadh 360° go cothrománach nó go hingearach

- úsáid lámh is cos chun taistil san uisce a iniúchadh

  ciceáil ar nós froig

  an cluiche Deir Síomón a imirt—na gníomhaíochtaí a bheith ag teacht le cumas na bpáistí

  céaslóireacht a chleachtadh béal faoi agus droim faoi, an ceann chun tosaigh, na cosa chun tosaigh

  cluichí fiaigh (m.sh. Cén t-am é, a Shiorc? Préacháin agus Corra)

- sní ar aghaidh nó ar gcúl feadh an dromchla i gcruth sínte

- sní go dtí tóin na linne.

Snáithaonad Forbairt banganna snámha

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- riar maith de bhanganna snámha a shaothrú

  crágshnámh, cúlbhuille, bang brollaigh, snámh deilfe.

Snáithaonad Cluichí liathróide uisce

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bheith páirteach in imirt i mbeirteanna agus i ngrúpaí

  liathróid a chaitheamh agus a ghabháil, caitheamh leathlámhach san áireamh

  cluichí 'thar is faoi', mar a ndéantar liathróid a phasáil feadh líne páistí thar a gcinn agus faoina gcosa

  sá-pheil uisce.

Snáithaonad Oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuiscint

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bunrialacha sláinteachais a thuiscint
- na contúirtí a bhaineann le huisce a thuiscint
- an chaoi le fanacht slán san uisce a thuiscint
- tuiscint bhreise ar shnámhacht a fhorbairt
- tuiscint d'éascaíocht luaile in uisce a fhorbairt
- eolas ar bhanganna snámha a mhéadú
- raon leathan de ghníomhaíochtaí uisce a phlé

  peil uisce, snámh sioncrónaithe, tarrtháil
- bheith eolach ar eagraíochtaí agus ar chlubanna áitiúla a chothaíonn cluichí uisce.

Comhtháthú

OSPS: Mise—Sábháilteacht agus cosaint

Measúnú

Measúnú

Measúnú: cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim

Tugann measúnú an chorpoideachais léargas ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí eolas a sholáthar ar an méid atá foghlamtha ag na páistí agus ar conas a fhoghlaimíonn siad é. Bailítear an t-eolas seo mar chuid leanúnach de phróiseas teagaisc an chorpoideachais, agus tá sé tairbheach do pháistí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Nuair a bhíonn gníomhaíochtaí nua á mbeartú ag múinteoirí nó ceachtanna chun obair atá déanta cheana a dhaingniú á bpleanáil acu, bíonn breithiúnas gairmúil á thabhairt acu ar na páistí i gcónaí. Bíonn na páistí á measúnú ag múinteoirí sa cheacht corpoideachais de shíor de réir mar a bhíonn an dul chun cinn, mar aon leis na deacrachtaí, á n-aithint acu.

Soláthraíonn measúnú eolas faoin bpáiste aonair, cuidíonn sé leis an múinteoir clár oiriúnach a phleanáil dó/di, agus éascaíonn sé cumarsáid le múinteoirí eile, le tuismitheoirí agus le daoine gairmiúla nach iad. Cuideoidh clárú agus tuairisciú córasach thorthaí an mheasúnaithe le leanúnachas agus dul chun cinn a fhothú sa chorpoideachas, amhail achair eile den churaclam.

Rólanna an mheasúnaithe: cad chuige measúnú?

Tugann an measúnú léargas ar theagasc agus ar fhoghlaim an chorpoideachais ar roinnt bealaí. Soláthraíonn sé pictiúr cuimsitheach d'fhorás iomlánaíoch an pháiste, rud a chabhraíonn le comhairle chríonna a chinneadh faoin bhfoghlaim a dhéanfaidh sé/sí amach anseo.

Léiríonn an measúnú gnóthachtáil gach páiste de réir mar a shealbhaíonn sé/sí scileanna agus de réir mar a thagann forbairt ar a t(h)uiscint, agus léiríonn sé na gníomhaíochtaí foghlama breise atá le hiniúchadh aige/aici. Is féidir é a úsáid chun ullmhacht an pháiste tabhairt faoi ghníomhaíocht úr sa chorpoideachas a mheas. Chomh maith leis sin is féidir leis na rátaí éagsúla forchéimnithe atá á ngnóthú ag an bpáiste sna snáitheanna difriúla den chorpoideachas a léiriú agus bunús do ghrúpáil a sholáthar. Cuireann an measúnú aiseolas ar fáil don pháiste faoina g(h)nóthachtáil féin, agus tugann sé air/uirthi freisin machnamh criticiúil a dhéanamh ar a c(h)uid foghlama. Nuair a úsáidtear measúnú ar an gcaoi seo, bíonn ról *múnlaitheach* á chomhlíonadh aige i dtaca le foghlaim bhreise a phleanáil agus a chothú.

Léiríonn an measúnú achair den fhoghlaim a mbíonn deacracht iontu don pháiste. D'fhéadfadh baint a bheith ag na deacrachtaí seo le gnóthú scileanna, le heaspa i dtuiscint an pháiste ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé/sí páirteach iontu nó, le bearnaí a bheith ina c(h)uid eolais ar ghníomhaíochtaí faoi leith. Má dhéantar na deacrachtaí a airíonn an páiste, agus scileanna luaile á gcleachtadh aige/aici mar shampla, a aithint agus a réiteach go luath, is féidir leis seo cur le muinín an pháiste agus é/í ag tabhairt faoi scileanna nua. Comhlíonann an measúnú ról *diagnóiseach* chomh maith in aithint páistí a mbíonn deacrachtaí acu. Tá an measúnú diagnóiseach thar a bheith úsáideach sa chorpoideachas don pháiste a bhfuil riachtanais speisialta air/uirthi. Is féidir é a úsáid freisin chun páistí a ghrúpáil sa chaoi go spreagtar gach páiste chun gníomhú ar a lándícheall. De thoradh an chineál seo measúnaithe a bheith in úsáid sa cheacht corpoideachais, is féidir go n-aithneofaí deacrachtaí foghlama a bhaineann le hachair eile den churaclam. Mura mbíonn ar chumas páiste fad léime a thomhas i gceacht lúthchleasaíochta, mar shampla, d'fhéadfaí obair bhreise a bheadh nasctha leis an gclár matamaitice a phleanáil. Mar sin ba cheart go gcuideodh an measúnú diagnóiseach leis an múinteoir cur chuige nó gníomhaíochtaí a chuirfeadh roinnt feabhais ar fhoghlaim an pháiste a aithint.

Is féidir léargas carnach ar ghnóthachtáil iomlán an pháiste sa chorpoideachas a fháil de réir mar a dhéanann sé/sí tuilleadh foghlama, agus mar sin ba chóir gné *shuimitheach* de mheasúnú an pháiste i dtaca le corpoideachas a chur san áireamh. Is féidir an saghas seo measúnaithe a úsáid de réir mar a thugtar aonaid oibre chun críche nó chun éascaíocht chumarsáide a chothú idir mhúinteoirí mar gheall ar dhul chun cinn an pháiste agus chun tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí nó do dhaoine eile i bhfearann an oideachais.

Cabhraíonn measúnú leis an múinteoir meastóireacht a dhéanamh ar an gclár corpoideachais agus ar a oiriúnacht do rang áirithe, agus le monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na modhanna teagaisc, na nósanna imeachta, na saoráidí agus na n-acmhainní. Sa tslí seo is féidir leis an measúnú meastóireachta bealach a sholáthar don scoil chun cinneadh ar chomhairle chuí maidir le pleanáil an chláir chorpoideachais.

Measúnú agus an corpoideachas: cad ba chóir a mheasúnú?

Tá sé tábhachtach go n-aithneodh an scoil cad ba chóir a mheasúnú sa chorpoideachas. Taobhaíonn an curaclam le clár corpoideachais atá scóipiúil cothrom a roghnú, agus ba cheart go dtiocfadh an measúnú leis an gcur chuige seo. Na teicníochtaí measúnaithe a úsáidtear, ba cheart go ndéanfaidís an dul chun cinn i ngach gné den chlár a mheasúnú chun a chinntiú go mbeidh an measúnú bailí. Achoimríonn snáitheanna agus snáithaonaid an churaclaim na cuspóirí don chorpoideachas. Léiríonn na heiseamláirí sa chló iodálach raon gníomhaíochtaí a bhféadfaí a bheith ag súil leo ag gach leibhéal. Tá sé riachtanach gaol a bheith idir an measúnú agus na cuspóirí atá leagtha amach don chorpoideachas agus go ndíreofaí

- ar bhuanna sóisialta agus pearsanta an pháiste. Baineann roinnt de chuspóirí an chorpoideachais le forbairt shóisialta agus phearsanta an pháiste, agus is iomaí deis a bhíonn ar fáil sa cheacht corpoideachais chun an fhorbairt seo a mheasúnú. Dearcadh an pháiste ar an gcorpoideachas, a t(h)uiscint do chothrom na Féinne, mar a ghlacann sé/sí le bua agus le teip, agus a m(h)eas ar an moltóir, mar shampla, d'fhéadfaidís seo forbairt an pháiste san achar seo a léiriú. Bunriachtanas dá d(h)ul chun cinn é dearcadh deimhneach a bheith aige/aici, ach ba chóir a aithint gur féidir nach é an dearcadh céanna a léireodh sé/sí i leith snáitheanna difriúla, rud ba cheart a aithint nuair a dhéantar an measúnú a chlárú agus a thuairisciú
- ar scileanna agus ar inniúlacht fhisiceach. Cuireann measúnú ar na scileanna fisiceacha próifíl d'inniúlacht an pháiste sna snáitheanna difriúla den chlár corpoideachais ar fáil. Moltar roinnt scileanna difriúla i ngach snáithe a mheasúnú, i dtreo go soláthrófaí measúnú bailí ar inniúlacht an pháiste. Mar sin féin, ní bhíonn sé i gceist riamh an páiste a chur thar a c(h)umas i dtaca lena f(h)orbairt coirp, cuma conas a dhéantar a scileanna a mheasúnú. Coimríonn na samplaí thíos gné nó táscaire inniúlachta amháin as gach snáithe:

  —liathróid a chaitheamh nó a bhualadh le sprioc

  —sraith de luailí gleacaíocha a chruthú

  —rith go tapa agus go saoráideach thar shraith chliath

  —léarscáil shimplí a léirmhíniú agus roinnt gnéithe a aimsiú uirthi

  —sní in uisce

—cabhair a thabhairt mar bhall de ghrúpa chun damhsa a chruthú agus a dhéanamh.

- ar eolas agus ar thuiscint atá bainteach le corpoideachas. Nuair a bhíonn an páiste ag gabháil don cheacht corpoideachais, bíonn go leor deiseanna aige/aici eolas agus tuiscint ar ghníomhaíochtaí difriúla a shaothrú. Léiríonn na cuspóirí agus na heiseamláirí sa chló iodálach raon an eolais ar féidir a bheith ag súil leis ag gach leibhéal, go háirithe sa snáithaonad dar teideal 'Ciallú agus léirthuiscint'. Chun críche measúnaithe, d'fhéadfadh an chaoi a n-úsáideann páiste spás i gcás cluichí gné amháin dá t(h)uiscint ar conas a imrítear cluichí a léiriú, agus d'fhéadfadh eolas an pháiste ar na deiseanna atá ar fáil go háitiúil chun bheith páirteach i gcúrsaí spóirt nó damhsa a léiriú go bhfuil raon fairsing eolais a bhaineann le corpoideachas á shealbhú aige/aici
- ar fhorbairt chruthaitheach agus aeistéitiúil. D'fhéadfaí forbairt chruthaitheach agus aeistéitiúil an pháiste a mheasúnú go mór mór agus é/í ag gabháil don damhsa agus don ghleacaíocht, ach níor cheart an cur chuige seo a bheith eisiatach. Le linn dó/di a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí seo, d'fhéadfaí cumas an pháiste meon píosa ceoil a léiriú trí mheán luaile a bhreathnú, agus bheadh sé seo ina tháscaire cuí ar a f(h)orbairt chruthaitheach agus aeistéitiúil. Tarlaíonn tuilleadh deiseanna, áfach, chun forbairt chruthaitheach an pháiste a mheasúnú i snáithe na gcluichí, mar shampla, nuair a chuirtear dúshlán faoi/fúithi cluichí a cheapadh
- ar fhorbairt chorpacmhainn na sláinte. Molann an curaclam corpoideachais cur chuige ina leagtar béim ar an uasmhéid rannpháirtíochta i ngach ceacht corpoideachais. Mar sin, soláthróidh na ceachtanna deiseanna chun corpacmhainn an pháiste a mheasúnú. Léireodh a c(h)umas iarracht a choinneáil ar bun i rith ceachta corpoideachais nó a c(h)umas sraith ghleacaíoch níos casta a chomhall agus stáidiúlacht, cothromaíocht agus smacht á gcothú aige/aici, léireoidís sin a leibhéal corpacmhainne
- ar shaothrú chleachtais shábháilte. Cothaíonn an measúnú a dhéantar ar chleachtais shábháilte le linn ceachta corpoideachais feasacht leanúnach ar chúrsaí sábháilteachta. An páiste a shonrú agus ball fearais á ardú agus á iompar aige/aici, mar shampla, sholáthródh sé seo eolas faoi na cleachtais sábháilteachta a chuireann sé/sí i bhfeidhm. Tuiscint an pháiste ar rialacha a neartaíonn an tsábháilteacht agus an

chaoi ina bhfeidhmíonn sé/sí iad nuair a bhíonn cluichí ar siúl, nó an chaoi a gcloíonn sé/sí le rialacha sábháilteachta uisce, cuidíonn siad seo lena c(h)leachtais sábháilteachta a mheasúnú. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh measúnú ar an gcaoi a gcleachtann an páiste sábháilteacht bac ar an bhfonn a bheadh air/uirthi tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ina mbeadh air/uirthi dul i bhfiontar cuí, fiontar ar cuid é den dúshlán nádúrtha a ghabhann le gníomhaíocht coirp.

Gléasanna measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Beidh raon de ghléasanna agus de mhodhanna measúnaithe riachtanach do mheasúnú an chorpoideachais chun go gcomhlíonfar na rólanna thuas, go háirithe ós rud é gur gá raon fairsing gníomhaíochtaí a mheasúnú. Níltear ag súil go mbaileofar fianaise mar gheall ar gach páiste i ngach ceacht ach go ndéanfar í a charnadh thar achar áirithe ama. Ba chóir na teicníochtaí measúnaithe seo a leanas a chur san áireamh.

Breathnóireacht an mhúinteora

Tá sé seo ar an saghas measúnaithe is úsáidí agus ar an gceann is minice a úsáidtear sa chorpoideachas. Is é atá i gceist ná go ndéanfaí monatóireacht neamhfhoirmiúil ar dhul chun cinn na bpáistí de réir mar a tharlaíonn an fhoghlaim, agus is sa tslí seo a bhailítear cuid den eolas is cruinne.

D'fhéadfadh breathnóireacht an mhúinteora díriú ar

- an chaoi ina ngníomhaíonn an páiste nuair a leagtar tasc air/uirthi
- an chaoi ina bhfreagraíonn an páiste ceisteanna agus moltaí an mhúinteora
- rannpháirtíocht an pháiste ina aonar, i ngrúpa nó mar bhall den rang
- idirghníomhú an pháiste lena c(h)omhghleacaithe agus é/í gafa in obair ghrúpa
- an tuiscint a léiríonn an páiste agus é/í páirteach i ngníomhaíocht.

Tá breathnóireacht an mhúinteora thar a bheith oiriúnach mar mhodh measúnaithe don chorpoideachas, toisc gur fearr tabhairt faoi mheasúnú nuair a bhíonn na páistí páirteach i ngníomhaíochtaí. Is féidir roinnt d'iompraíocht fhoghlama an pháiste a bhreathnú d'fhonn cuidiú le pleanáil iarghníomhaíochtaí: mar shampla, is féidir leis an mbealach a n-úsáideann páiste ball fearais a léiriú don mhúinteoir conas cabhair a thabhairt dó/di úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an bhfearas sin nó as

fearas eile i gceachtanna ina dhiaidh sin. Is fiú torthaí breathnóireachta den chineál seo a chlárú. Tharlódh gur leor do mhúinteoirí nóta simplí a bhreacadh ag deireadh an cheachta chun cabhrú leo obair bhreise a phleanáil ar bhealach níos eagraithe. Is féidir le heolas a chláraítear ar an gcaoi seo modhanna measúnaithe eile a chomhlánú nuair a bhíonn próifíl páiste sa chorpoideachas á cur le chéile nó nuair a bhíonn measúnú suimitheach á chlárú agus á thuairisciú. Cuireann an saghas seo measúnaithe an dul chun cinn a dhéanann rang nó grúpa nó páiste áirithe i dtaca le hábhar an chláir san áireamh.

Tascanna a dhearann an múinteoir

Bíonn tascanna ilghnéitheacha á gceapadh de shíor ag múinteoirí le haghaidh na bpáistí i ngach achar den chlár corpoideachais. Ceapfar roinnt tascanna chun deiseanna ar chleachtadh scileanna a sholáthar, ceapfar roinnt eile chun cruthaitheacht a ghríosú nó chun eolas ar ghníomhaíochtaí a chnuasach, agus ceapfar roinnt eile fós chun ceistiú agus díospóireacht ghrúpa a spreagadh sula ndéantar tasc nó nuair a bhíonn tasc á thabhairt chun críche.

Is féidir tascanna a shuítear i gcomhthéacs foghlama a dhearadh sa chaoi gur féidir an próiseas a mheasúnú (mar a bheirtear greim ar bhata nó shlacán nó mar a dhéantar é a luascadh) nó an toradh a mheasúnú (an mbaintear an sprioc amach?), nó an próiseas agus an toradh a mheasúnú in éineacht. Sampla eile de thasc dá leithéid seo is ea iarraidh ar pháiste tabhairt faoi chosán eachtraíochta: déanann an múinteoir an modh a úsáideann an páiste (an próiseas) agus cé acu a mbaintear an sprioc amach nó nach mbaintear (an toradh) a mheasúnú.

Ba chóir raon fairsing tascanna a bhaineann le snáitheanna ar leith a úsáid, mar shampla an léim fhada as seasamh a chleachtadh chun fad a ghnóthú, sraith a léiríonn preabadh, eitilt agus tuirlingt rialaithe a chruthú agus a chomhall nó léimneach isteach san uisce agus teacht ar ní ar ghrinneall na linne.

Cé go n-ídíonn na tascanna seo am, is féidir iad a úsáid go héifeachtach mar chuid de chomhthéacs foghlama toisc iad a bheith nasctha le hábhar an chláir. Nuair a úsáidtear raon tascanna, gríosaítear na páistí uile chun a gcuid scileanna agus a dtuiscint, mar aon le cáilíochtaí mar a gcumas chun glacadh le rath agus teip, a léiriú. Ní ghlacann tascanna áirithe ach achar gairid lena dtabhairt chun críche, cuid bheag de cheacht amháin, b'fhéidir. Is féidir go nglacfadh tascanna eile roinnt ceachtanna lena gcríochnú, m.sh. damhsa gairid a chruthú agus a chomhall.

Próifílí curaclaim

Is féidir struchtúr níos foirmiúla a chur ar bhreathnóireacht leanúnach neamhfhoirmiúil múinteoirí trí phróifílí curaclaim a úsáid. Chuige seo bíonn gearrchuntais thuairisciúla ar an ngnóthachtáil sa chorpoideachas a mbeifí ag súil léi ón bpáiste ag céimeanna difriúla dá f(h)orás ag teastáil. Scríobhtar na cuntais seo uaireanta i bhfoirm alt gearr bunaithe ar líon áirithe táscairí, m.sh. iompraíochtaí nó cumais a léireodh an páiste. Féachann an múinteoir le torthaí a b(h)reathnóireachta ar dhaltaí agus na táscairí atá sna próifílí a mheaitseáil le chéile nuair a bhíonn na páistí ag gabháil d'aonad oibre nó nuair a chríochnaíonn siad é. Is féidir leas a bhaint as an bpróifíl freisin chun dul chun cinn a chlárú i bhfoirm scríofa nó mar bhunús chun tuairisc a sholáthar, trí ghnéithe de na hailt a mharcáil nó a chur chun suntais de réir mar a bhíonn siad á ngnóthú ag an bpáiste. Léireoidh siad riachtanais na bpáistí agus cuirfidh siad leithne na gcumas atá i ngach rang bunscoile san áireamh.

Cur chuige cothrom i leith na measúnaithe

Ós é aidhm an mheasúnaithe eispéireas foghlama an pháiste a fheabhsú, tá sé riachtanach nach laghdódh aon saghas cláraithe ar an measúnú an t-am teagaisc agus nach mbeadh sé ina bhac ar eispéireas foghlama an pháiste. Ba chóir go rianódh polasaí na scoile bealaí ina bhféadfaí tabhairt faoin measúnú ar mhodh soláimhsithe. Nuair a phléann múinteoirí sa scoil dul chun cinn agus gnóthachtáil na ranganna éagsúla, bíonn a n-eispéiris teagaisc indibhidiúla á roinnt acu ar a chéile—rud a chothaíonn tuiscint choiteann ar an measúnú, a chabhraíonn le hiontaofacht a ghnóthú ina úsáid agus a chothaíonn cur chuige cothrom ina leith.

Clárú agus cumarsáid

Cuireann an measúnú a dhéanann an múinteoir mar chuid de pholasaí na scoile eolas ar fáil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil an pháiste sa chorpoideachas, eolas a chaithfear a chlárú agus a chur in iúl do mhúinteoirí eile, do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla nach iad. Ba cheart go soláthródh an próiseas cumarsáide deiseanna chun aiseolas a fháil ó na tuismitheoirí. Cuideoidh an próiseas cláraithe agus cumarsáide seo le pleanáil na foghlama don pháiste amach anseo.

Cárta próifíle an dalta

Próifíl de dhul chun cinn an pháiste sna hachair go léir den churaclam agus i ngnéithe eile dá f(h)orbairt a bheidh i gcárta próifíle an dalta. Beidh measúnú ar fhorbairt an pháiste sa chorpoideachas ina ghné den chárta próifíle.

Breathnóireacht leanúnach an mhúinteora ar an bpáiste i rith ceachtanna corpoideachais, a b(h)reathnóireacht ar an bpáiste agus tascanna múinteoir-dheartha á gcomhall aige/aici, nó na próifílí curaclaim a bhíonn cnuasaithe ag an múinteoir, beidh siad seo mar bhunús don eolas a chlárófar ar chárta próifíle an dalta. Nuair a bheidh córas próifílithe á bhunú, ba chóir na féidearthachtaí agus na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht an eolais a iniúchadh i dtaca le clárú, stóráil agus seoladh ar aghaidh chártaí próifíle na ndaltaí agus leas a bhaint as an teicneolaíocht seo más féidir.

Aguisín

Gluais

Is é atá thíos ná sainmhínithe a thuigtear go coiteann agus atá inúsáidte sa churaclam bunscoile agus sna treoirlínte do na múinteoirí.

aeistéitiúil	bainteach le léirthuiscint trí na céadfaí a úsáid go haireach samhlaíoch
am	ídíonn gach luail méid ama, agus is féidir athruithe ama a fhorbairt ina bpatrúin rithimeacha. Léirítear tréithe ama trí thapúlacht na luaile nó tríd an gcaoi a gcoinnítear an luail ar siúl
canóin	déanann na damhsóirí luailí, duine i ndiaidh a chéile: A i dtosach, B ansin agus C ina dhiaidh sin
casphas	cuirtear lámh amháin faoin liathróid rugbaí chun í a rothlú, agus déantar an lámh seo a bhogadh aníos le linn pasála
céaslóireacht	scil snámha lenar féidir an corp a thiomáint, a choinneáil ar cothrom agus a rialú san uisce
cluichí ionraidh	cluichí mar haca, cispheil, iomáint nó peil, ina mbíonn imreoirí ag iomaíocht san achar céanna fad a bhíonn achar amháin á ionsaí acu agus achar eile á chosaint
cnagadh leis an gcos (rith aonair)	scil a bhaineann le peil Ghaelach. Ritheann an t-imreoir agus an liathróid á bualadh aige/aici ón chos go dtí an lámh; is féidir an liathróid a phreabadh den talamh uair amháin i ndiaidh gach cnagtha
comhréir	bíonn na damhsóirí go léir ag gluaiseacht ag an am céanna
conairí	na patrúin a dhéantar san aer nó ar an urlár trí mheán luailí
cos deiridh	an chos a bhíonn chun deiridh agus an chliath á trasnú

cos tosaigh	an chos a bhíonn chun tosaigh agus an chliath á trasnú
cuachadh	úsáidtear é seo ar uair na práinne san uisce: cuachann na rannpháirtithe iad féin timpeall áiseanna snámhacha d'fhonn teas a chaomhnú
damhsa tíre	damhsa a bhaineann le tír ar leith, cuid de cheiliúradh traidisiúnta é go minic
dinimic	fuinneamh na luaile
faoi threoir	luail ar féidir í a stopadh nó a choinneáil ag am ar bith is ea luail 'faoi threoir'
foirm	an scéim iomlán chun cruth agus struchtúr an damhsa a mhúnlú
ga cúr-rubair	ga éadrom le patrún eitilte intaofa agus ar féidir é a úsáid sa rang gan bhaol
meáchan	an úsáid a bhaintear as meáchan an choirp agus gníomhú na matán le chéile, úsáid a chuireann ar chumas an pháiste gluaiseacht ag leibhéil éagsúla nirt agus éadroime
meáchan a ghlacadh	meáchan an choirp a ghlacadh nó a chothromú ar bhall amháin nó ar bhaill den chorp
meáchan nó teasc bhunata	meáchan bog éadrom agus teasc éadrom chúr-rubair, iad araon inúsáidte sa rang gan bhaol
pas lasnairde	bíonn an liathróid lastuas dá c(h)eann ag X agus pasálann sé/sí í chuig Y ar shlí gur féidir leis/léi siúd glacadh léi ag airde cléibh
pop-phas	liathróid rugbaí a chaitheamh tríd an aer chuig sprioc (tuairim aon mhéadar) agus na lámha a bheith suite faoin liathróid
preabphas	déanann X an liathróid a phasáil chuig Y, ag ligean di preabadh uair amháin ar an mbealach

ráibeanna frithghnímh	ag rábáil ó ionaid tosaithe éagsúla, m.sh. ina s(h)uí, ina luí béal faoi nó ar an droim, ina s(h)easamh agus an droim leis an líne thosaithe, srl.; bíonn an bhéim ar fhrithghníomhú go gasta nuair a thugtar an t-ordú 'imigh'
rás sealaíochta Parlauf	rás sealaíochta ciorclach ina mbíonn idir seisear agus ochtar páistí scaipthe timpeall raon nó páirc imeartha, ritheann siad agus iad ag déanamh sealaíochta ar a chéile ar feadh achair ama áirithe, agus déanann siad an líon cuairdeanna a ritheann siad a chlárú
rás sealaíochta tointeála	rás sealaíochta ina ritear an fad tofa faoi dhó nó faoi thrí gan stad sula dtosaíonn an chéad pháiste eile
ruthag	an rith a dhéantar sula dtugtar faoi léim fhada d'fhonn preabadh maith a ghnóthú sa léim
snámh i do sheasamh	scil a ligeann don snámhóir fanacht ar snámh in ionad amháin agus é/í ingearach, agus an méid is lú dá f(h)uinneamh á ídiú aige/aici
scaoileadh	aicsean 'luasctha agus caite' na teisce
scuabphas	an liathróid rugbaí a phasáil i leataobh chuig an sprioc
slaodadh	is féidir le slaodadh luaile a bheith 'faoi threoir' nó a bheith 'saor'
smiotadh	scil lena ndéantar an liathróid a phasáil trí í a chiceáil den talamh, rud a thugann uirthi éirí suas san aer agus taisteal
snámhacht	airí a bheith ar snámh go héadrom ar an uisce
spás	spás pearsanta a thugtar ar an achar thart timpeall an choirp, nuair is féidir leis an duine a c(h)orp a shíneadh i ngach treo agus ar gach leibhéal gan bhogadh as a shuíomh
sraith	cruthaíonn luail amháin agus luail ina diaidh sraith

STÍL	staidiúir chun teas-ídiú a laghdú: teicníocht tarrthála ina n-úsáideann an duine áis shnámhach agus ina dtéann sé/sí ar snámh, rud a laghdaíonn ídiú teasa
téama	idé luaile a ndéantar staidéar agus forbairt uirthi i rith ceachta nó sraith de cheachtanna
taisteal	gluaiseacht ó A go dtí B
teannadh	síneadh gan strus a chur ar an gcorp
teicníocht an tsáite	teicníocht a úsáidtear san eitpheil chun liathróid atá gar don talamh a bhualadh
teicníocht an tsiosúir	bunteicníocht léimní ina ritheann an páiste chuig an léim go cliathánach agus ina n-ardaíonn sé/sí an chos is faide isteach go bríomhar suas thar lár an trasnáin (osclaíonn an siosúr); ansin ardaíonn sé/sí an chos is faide amach suas thar an trasnán (dúnann an siosúr) agus leagann sé/sí an chos eile ar an achar tuirlingthe

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Chorpoideachas

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim don Chorpoideachas, a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirligh	Denis Coleman	Cumann Múinteoirí Éireann
	Deasún Ó Bruadair	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Baill an choiste	Nioclás Breatnach	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Valerie Burke *(ó 1995)*	Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí—Bunbhrainse
	Tríona Fitzgerald *(go 1994)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Sally Fossit	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	P. J. Geraghty *(ó 1994)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather *(go 1995)*	Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí—Bunbhrainse
	Seán Mac Conmara	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Seán Mac Meanman	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Charlotte J. Maye	Cumann Múinteoirí Éireann
	Joanne Moles	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Joe Moore	Cumann Múinteoirí Éireann
	Yvonne Ní Chianaigh	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Muireann Ní Leoin	Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí—Bunbhrainse
	Sr Regína Ní Loideáin	Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
	Breandán Ó Bric	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Jennifer O'Connell	Cumann Múinteoirí Éireann
	Proinsias Ó Dughaill	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Críostóir Ó Grádaigh	Cumann Múinteoirí Éireann
	Sylvia O'Sullivan	Uachtaráin na gColáistí Oideachais
	Emma Uí Dhuinnín *(ó 1995)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Uí Icí	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Br Joseph Vaughan	Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna
	Kathleen Wall	Cumann Múinteoirí Éireann
Oifigigh oideachais	Michael McGannon *(go 1995)*	
	Frances Murphy	
	Eileen O'Sullivan *(go 1995)*	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (*ó 1995*)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (*ó 1995*)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (*go 1996*)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (*ó 1995*)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (*go 1995*)	
Leas-phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

ISBN 0-7076-6309-1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA